

UNIVERSITY of LIMERICK

OLLSCOIL LUIMNIGH

# 14 / 15

## Tuarascáil Bhliantúil

## Ollscoil Luimnigh

## University of Limerick

# SEOLADH FHOIRGNEAMH GEMS

**Foirgneamh Scoil Leighis Iontrála Iarchéime Ollscoil Luimnigh Seolta ag an Aire Airgeadais.**

Sheol an tAire Airgeadais, Michael Noonan TD, Scoil Leighis Iontrála Iarchéime in Ollscoil Luimnigh in 2014. Tá go leor duaiseanna buaite ag an Scoil.

Ba iad Grafton Architects a dhear an Foirgneamh a d'oscail ag deireadh 2012. Bhuaigh sé Duais RIBA an AE 2013 agus bhí sé san iomaíocht i mbabhta ceannais Dhuais RIBA Stirling, duais a bhfuil ardmheas uirthi.

Foirgneamh 4,000 méadar cearnach atá ann ina bhfuil 12 sheomra teagaisc Foghlama Fadhb-Bhunaithe, téatar 150 suíochán, dhá sheomra seimineáir 60 suíochán, 75 stáisiún oibre TF, ocht saotharlann scileanna cliniciúla, dhá shaotharlann scileanna anatamaíochta, spás taighde agus caifélann. Tá córas closamhairc den scoth sna saotharlanna a thugann deis do mhic léinn iad féin a thaifeadadh agus iad ag cleachtadh scileanna gnáthaimh nó scileanna scrúduithe fisiciúla.

Ba í an Roinn Oideachais & Scileanna agus an tÚdarás um Ard-Oideachas, le tacaíocht ó Fhondúireacht Ollscoil Luimnigh, a mhaoinigh an tionscadal a chosain €15 mhilliún.

Bunaíodh Scoil Leighis Iontrála Iarchéime Ollscoil Luimnigh sa bhliain 2007, agus is ansin atá an chéad chlár iontrála do chéimithe in Éirinn.

Tairgeann Scoil Leighis Iontrála Iarchéime OL clár céime leighis ceithre bliana do chéimithe as disciplín ar bith. Tá a curaclam thar a bheith nuálaíoch agus tá sé mar aidhm leis dochtúirí a oiliúint a bheidh breá oilte le freastal ar na riachtanais reatha agus ar na riachtanais atá ag teacht chun cinn i sochaí na hÉireann.






Foirgneamh GEMS



# RÉAMHRÁ

Tá Ollscoil Luimnigh ag dul ó neart go neart. I mbliana, cuireadh tús le hathruithe móra a chur i bhfeidhm san Ollscoil; athruithe a rachaidh chun tairbhe dár dtimpeallacht fhisiceach, dár mbaill foirne agus do phróifíl ár mac léinn chomh maith lenár gcaidreamh le Cathair Luimnigh.

Déanta na fírinne cuireadh tús leis an aistear seo fada an lá ó shin – is toradh é ár bPlean Straitéiseach cúig bliana ar phróiseas leathan comhairliúcháin a rinneadh laistigh agus lasmuigh den Ollscoil. Cinntíonn an comhairliúchán seo go mbeidh tionchar coincréiteach fadtéarmach ag an infheistíocht chaipitil €224 milliún atá beartaithe againn ar gach duine a bhfuil baint acu leis an Ollscoil.

Beimid níos feiceálaí sa chathair, tiocfaidh méadú ar phobal na mac léinn agus beidh an pobal sin i bhfad níos ilchineálaí, agus beidh an uaillmhian a bhainfidh le tograí taighde na hOllscoile de shíor ag dul i bhfeabhas agus i méid. Rinne Ollscoil Luimnigh obair mhór go dtí seo ar mhaithe le sochaí agus geilleagar na tíre seo. Léiríonn ár bplean straitéiseach agus infheistíochta caipitil cúig bliana a thiomanta agus atáimid i dtaca le barr cumais na hOllscoile a bhaint amach chun clú na hÉireann a chur chun cinn mar náisiún nuálach ina mbeidh áit do gach duine.

'Fairsingiú Físe' an t-ainm a thugamar ar an bplean seo. Beidh tionchar an phlean le brath sa chathair, ar fud na tíre agus thar lear. I measc na bhforbairtí atá ar na bacáin tá sráidbhaile do mhic léinn, ionad leighis don phobal, saotharlann dearaidh a bheidh lonnaithe sa chathair agus ionad traenála do Rugbaí Chúige Mumhan.

Tá an fhorbairt ar an gcaipiteal daonna i gcroílár ár bplean. Teastaíonn léargas níos leithne ar an saol uainn agus, mar sin de, ba mhaith linn cur le líon na mac léinn agus na mball foirne ó áiteanna éagsúla agus ó chúlraí difriúla – an tallann is fearr ó gach cearn den domhan a mhealladh, agus cur le deiseanna taistil ár mac léinn chun deis a thabhairt dóibh tuairimí agus smaointe a mhalartú.

Leis an bplean seo, beidh Ollscoil Luimnigh ag cur le cáil idirnáisiúnta na hÉireann mar gheilleagar oscailte atá ag déanamh dul chun cinn agus mar shochaí dhóchasach, chruthaitheach.

**Oifig an Uachtaráin**
**Ollscoil Luimnigh**

## Clár


01 **Forbairtí Straitéiseacha** **2**
- Fairsingiú Físe 2
- Plean Forbartha Caipitil 4
- Forbairtí Straitéiseacha Eile 6

02 **Gradaim, Dámhachtainí, Éachtaí agus Rathúlacht na Mac Léinn** **8**
- Gradaim 8
- Dochtúireachtaí Oinigh 12
- Dámhachtainí 13
- Éachtaí 14
- Léachtaí Tionscnaimh 16
- Mic Léinn Rathúla 19
- Éachtaí Spóirt 23

03 **Taighde, Fiontraíocht agus Rannpháirtíocht** **26**
- Taighde 26
- Gradaim Thaighde 34
- Fiontraíocht 36
- Rannpháirtíocht sa Phobal 37
- Rannpháirtíocht Dhomhanda 40

04 **Léargas Ginearálta ar an Ollscoil** **44**
- Fíricí agus Figiúirí 44
- Buaicphointí Ollscoile 45
- An tÚdarás Ceannais 47
- Tuarascáil Airgeadais 48

# 01 FORBAIRTÍ STRAITÉISEACHA

**An 25 Meán Fómhair 2014 sheol an tAire Oideachais agus Scileanna, Jan O'Sullivan TD, 'Fairsingiú Físe' – Plean Straitéiseach nua Ollscoil Luimnigh do na blianta 2015-2019.**

Léiriú tábhachtach ar mhianta Ollscoil Luimnigh atá sa phlean. Léiríonn an teideal, 'Fairsingiú Físe', uaillmhian na hOllscoile mar ionad barr feabhais teagaisc agus taighde agus chomh maith leis sin, mar ionad a bhfuil a aghaidh ar an bpobal mór aige.

Is toradh é 'Fairsingiú Físe' ar na míonna fada i mbun obair dhian agus comhairliúchán fairsing le go leor daoine i ranna, rannóga agus dámh ar fud na hOllscoile agus le baill de chuid phobail sheachtracha na hOllscoile.

Plean Oibre le haghaidh barr feabhais, éachtaí agus aitheantas idirnáisiúnta atá ann.

**Tá trí théama shonracha sa Straitéis:**

- TÉAMA 1 — **Tógáil ar a bhfuil bainte amach go dtí seo**
- TÉAMA 2 — **Béim a leagan ar uathúlacht**
- TÉAMA 3 — **An Ollscoil a chur i mbéal an phobail go hidirnáisiúnta**



*An tAire Oideachais agus Scileanna, Jan O'Sullivan TD*

**Tabharfaidh na prionsabail seo treoir don Ollscoil chun spriocanna uaillmhianacha cúig bliana a bhaint amach, ina measc:**

- Céatadán na mac léinn iarchéime agus dochtúireachta a mhéadú go 30% de phobal na mac léinn faoi 2019.
- An Plean Forbartha Caipitil €224 milliún a chur i gcrích go hiomlán.
- Pleananna chun láithreacht níos láidre a chruthú i lár chathair Luimnigh.
- Méadú 60% ar líon na mac léinn idirnáisiúnta ag tabhairt faoi chéim iomlán, méadú 12% ar líon na mac léinn as Meiriceá agus méadú 30% ar líon na mac léinn ó Ollscoil Luimnigh a dhéanann staidéar in ollscoileanna eile agus breis is cúigiú de mhic léinn Ollscoil Luimnigh ag caitheamh seimeastar amháin ar a laghad thar lear a bhaint amach.
- Méaduithe ollmhóra ar chaighdeán agus ar líon na n-aschur taighde agus méadú 50% ar thionchar luanna na bhfoilseachán.



## Fairsingiú Físe
Plean Straitéiseach 2015 - 2019




**"Mar Uachtarán ar Ollscoil Luimnigh, tá áthas orm ár bplean straitéiseach don tréimhse 2015-2019 a chur i láthair"**

*An tOllamh Don Barry – 25 Meán Fómhair 2015*

# PLEAN FORBARTHA CAIPITIL
## 2014 - 2018

**Tá an Plean Forbartha Caipitil ina chuid lárnach de Phlean Straitéiseach na hOllscoile. Léiriú misniúil ar mhianta na hOllscoile atá i bPlean Forbartha Caipitil OL a bhfuil buiséad €224 milliún agus réimse uaillmhianach tograí i gceist leis. Leis an mbuiséad, atá méadaithe le hiasacht €100 milliún ón mBanc Eorpach Infheistíochta, beifear in ann 12 fhorbairt infreastruchtúracha a thógáil ar champas theas agus ar champas thuaidh na hOllscoile, chomh maith le foirgneamh um Oideachas agus Taighde Cliniciúil ar shuíomh Ospidéal na hOllscoile, Luimneach.**

**Tá roinnt gnéithe iontacha sa Phlean Forbartha Caipitil:**

### Leabharlann Glucksman, Céim 2

Faoin togra seo méadófar faoi dhó achar na leabharlainne mar atá faoi láthair, leabharlann ina mbeidh Aonad Bailiúchán Speisialta a mbeidh aerchóiriúchán ar leith feistithe ann. Thángthas ar na €10 milliún de mhaoiniú don fhorbairt seo de bharr feachtas fada brústocaireachta a bhí ar bun ag údaráis na hOllscoile le cabhair ó Fhoireann Shabóideach Aontas na Mac Léinn in OL. Chuir Aontas na Mac Léinn in OL litir os comhair Jan O'Sullivan, an tAire Oideachais, ag iarraidh uirthi a tacaíocht a thabhairt d'fhonn maoiniú a fháil do shíneadh Leabharlann Ollscoil Luimnigh sa Cháinaisnéis a bhí le teacht.

Thacaigh Comhairle na Mac Léinn le feachtas litreacha inar shínigh mic léinn na hOllscoile litreacha a seoladh chuig a dTeachtaí Dála áitiúla ag iarraidh orthu tacaíocht bhrústocaireachta a thabhairt do leithdháileadh cistí.

Tá síneadh na leabharlainne le bheith réidh faoi dheireadh 2018.



*Architects Artwork for New Glucksman Library*

### An tIonad um Oideachas Cliniciúil agus Taighde

Tógfar an tIonad um Oideachas Cliniciúil agus Taighde ar shuíomh Ospidéal na hOllscoile, Luimneach. Beidh áiseanna oideachais agus taighde d'fhochéimithe agus d'iarchéimithe lonnaithe ann in aon fhoirgneamh amháin 3,000 méadar cearnach, cóngarach don fhoirgneamh ina bhfuil an Children's Ark agus an Géarchúram. Beidh Instiitiúid Taighde Sláinte Ollscoil Luimnigh san fhoirgneamh chomh maith. Síníodh na conarthaí leis an gcomhlacht Sisk le déanaí chun an tIonad um Oideachas Cliniciúil agus Taighde €13 mhilliún a thógáil, cómhaoinithe ag Ollscoil Luimnigh agus ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

*(Ó chlé) an tOllamh Don Barry, an tOllamh Colette Cowan, an Teachta Dála Michael Noonan agus an tOllamh Michael Larvin*



**I measc na bhforbairtí eile atá beartaithe faoin bPlean Forbartha Caipitil do na cúig bliana amach romhainn tá:**

- Ionad Traenála Foirne saintógtha d'Fhoireann Rugbaí Chúige Mumhan.
- An dara linn snámha 25m agus linn tumadóireachta mar chuid de shíneadh ar Spórtlann na hOllscoile.
- Togra chun páirceanna spóirt a fhorbairt. Déanfar sé pháirc thraenála féir den chéad scoth le tuilsoilse a fhorbairt.
- Le Foirgneamh Bernal, atá á thógáil faoi láthair, neartófar Zón Eolaíochta na hOllscoile.
- An Instiitiúid Eolaíochta Ábhar agus Dromchla, Céim 2; Síneadh 2,750 m² é seo atá á thógáil faoi láthair.
- Ionad nua do mhic léinn. San fhoirgneamh nua seo beidh seomraí cruinnithe, limistéir shóisialta, áiseanna d'Aontas na Mac Léinn, siopaí, pictiúrlann, áiseanna ceolchoirmeacha agus Ionad Cuairteoirí ina mbeidh oifigí agus fáiltiú na hOllscoile.




# FORBAIRTÍ STRAITÉISEACHA EILE
2014 / 2015

## Tionscadal Taistil Chliste Ollscoil Luimnigh

Aidhm thábhachtach de chuid an Phlean Straitéisigh, Fairsingiú Físe, is ea an saol ar an gcampas a fheabhsú agus cuireann Scéim Taistil Chliste na hOllscoile go mór leis an aidhm sin. Is éard atá mar aidhm ag an scéim seo ná patrúin taistil inbhuanaithe a chur chun cinn i measc na mball foirne agus na mac léinn tríd an siúl, an rothaíocht, úsáid busanna agus roinnt carranna a spreagadh.

Faoin tionscadal Taisteal Cliste Luimnigh déanfar uasghrádú ar an siúlbhealach idir an Corrbhaile agus Plassey. Tacaíonn an tionscadal le Scéim Taistil Chliste Ollscoil Luimnigh agus déanfaidh sé na naisc le cathair Luimnigh a fheabhsú. Déanfar uasghrádú agus leathnú ar an gcosán tarraingthe atá ann faoi láthair, tógfar trí dhroichead nua coisithe agus déanfar an droichead atá ann faoi láthair a uasghrádú chomh maith. Cuirfear duchtáil, soilsiú poiblí nua, comharthaíocht agus CCTV isteach ar feadh an bhealaigh. Rachaidh an dromchla nua siúlóide agus rothaíochta timpeall ar chrainn agus ar struchtúir stairiúla, ag laghdú thionchar na forbartha ar an mbruach agus ag cur go mór leis an teacht a bheidh ag gach duine ar an gceantar seo. Leanfaidh sé an cosán taobh le habhainn na Sionainne chomh fada leis an Teach Bád in Plassey, agus ag an mbealach isteach san Ollscoil, nascfaidh sé leis na cosáin siúlóide agus rothaíochta eile ar an gcampas.



## Áras Analog Devices

I mí an Mheithimh baisteadh Áras Analog Devices ar an bhfoirgneamh nuathógtha nuálach innealtóireachta agus eolaíochta. Tugadh an t-ainm seo air in onóir an ghnólachta Analog Devices (ADI), gnólacht leathsheoltóra a bhfuil a cheanncheathrú sna Stáit Aontaithe, agus a thug bronntanas ollmhór d'Fhondúireacht OL.

Tógadh an foirgneamh mar chuid den tionscadal ceannródaíoch Tionscadal Bernal inar earcaíodh deichniúr de na hollúna is fearr ar domhan, ciste tosaigh chun tacú lena ngníomhaíochtaí teagaisc agus taighde, chomh maith le tógáil an fhoirgnimh nua ardtaighde ar an gcampas. Maidir leis an tionscadal €54 milliún seo, tá 30% den chostas ag teacht ón Stát agus ó mhaoiniú ón Ollscoil agus an 70% eile ag teacht ó chistí daonchairdiúla, €2 mhilliún san áireamh sa mhéid sin ó Analog Devices don fhoirgneamh taighde. Tá stair dhlúth fhada ag ADI le hOllscoil Luimnigh agus thacaigh sé le go leor de thionscnaimh Fhondúireacht Ollscoil Luimnigh i gcaitheamh na mblianta.





*(Ó chlé) An tOllamh Tom Lodge, an tOllamh Margaret Hills Harper; an tAire Oideachais, Jan O'Sullivan TD, agus an tOllamh Joseph O'Connor*

## Scoil an Chultúir agus na Cumarsáide

Sheol an tAire Oideachais, Jan O'Sullivan TD, Scoil an Chultúir agus na Cumarsáide go hoifigiúil in Ollscoil Luimnigh i mí Eanáir. Aonad uathúil idirdhisciplíneach é an Scoil ina dtugtar faoi réimse leathan speisialachas ábhar, Léann na Gaeilge/Teanga agus Litríocht na Gaeilge; Iriseoireacht agus na Meáin; Litríocht an Bhéarla agus an Scríbhneoireacht Chruthaitheach; an Chumarsáid Theicniúil agus an Dearadh Teagascach ina measc. I measc na láidreachtaí taighde tá an staidéar ar litríocht agus ar chultúr na hÉireann sa Ghaeilge agus sa Bhéarla agus an staidéar ar scríbhneoireacht de gach cineál, idir scríbhneoireacht ficsin, tuairisciú nuachta agus na meáin dhigiteacha.

# 02 GRADAIM, DÁMHACHTAINÍ, ÉACHTAÍ AGUS RATHÚLACHT NA MAC LÉINN

## GRADAIM

### Ollscoil na Bliana (2015) de réir an Sunday Times

Ainmníodh Ollscoil Luimnigh mar 'Ollscoil na Bliana 2015' in Good University Guide an Sunday Times. Bronnadh an gradam sin ar OL de bhrí go bhfuil sí ar thosach an tslua i dtaca le céimithe a chur ar fáil a bhfuil tóir ag fostóirí orthu; tráchtálaíocht láidir taighde; Tionscadal Bernal ar fiú €52 milliún é agus a bhaineann le heolaíocht agus le hinnealtóireacht; agus feidhmíocht láidir acadúil na hOllscoile.

### Gradam Cré-umha Athena Swan

I mbliana, bhí Ollscoil Luimnigh ar cheann de na chéad ollscoileanna in Éirinn ar bronnadh gradam Cré-umha Athena Swan uirthi. An tAonad Dúshláin Comhionannais (ECU) atá i mbun an tionscnaimh seo ina ndéantar ceiliúradh ar dhea-chleachtas maidir le mná a earcú, a choinneáil, agus a chur chun cinn san Eolaíocht, sa Teicneolaíocht, san Innealtóireacht, sa Mhatamaitic agus sa Leigheas (STEMM mar a thugtar sa Bhéarla ar na hábhair seo ar fad le chéile) ag leibhéal an ardoideachais.

Cuireann Athena SWAN creat láidir ar fáil lenar féidir comhionannas inscne a thomhas agus a fheabhsú san institiúid ina hiomláine agus i ranna STEMM go háirithe. De bharr straitéisí na hOllscoile ba cheart go mbeadh líon níos airde mac léinn baineann i ndisciplíní STEMM, níos mó ban ag cur isteach ar phoist agus ag lorg arduithe céime, agus mar thoradh air sin uile, ba cheart go mbeadh níos mó ban ag dul le hábhair STEMM agus ag baint a gcuid spriocanna gairme amach.

De réir fhigiúirí a d'eisigh an tÚdarás um Ard-Oideachas le déanaí, is mná iad 31% nó beagnach aon trian d'ollúna OL. Is é 19% an meánchéatadán náisiúnta.

Is páirtí tábhachtach Ollscoil Luimnigh chomh maith i gcomharthionscadal Eorpach darb ainm Festa - Female Empowerment in Science and Technology in Academia, agus is í an t-aon Ollscoil amháin in Éirinn atá páirteach ann. Baineann FESTA le hathruithe a chur i bhfeidhm ar thimpeallacht oibre taighdeoirí acadúla.
Comhoibriú idirnáisiúnta atá sa tionscadal, atá maoinithe faoi FP7 agus a mhairfidh ó 2012 go 2017.

Is cúis dóchais é go bhfuil Ollscoil Luimnigh chun tosaigh maidir leis seo, ach is léir go bhfuil an t-uafás fós le déanamh. Rachaidh sé chun leas straitéiseach na hOllscoile má dhéanaimid cinnte de go dtabharfar deis do gach duine barr a gcumais a bhaint amach, rud a chinnteoidh go mbeidh na deiseanna céanna ar fáil dár bhfoireann agus dár mic léinn go léir.




### Rangú Glas-Mhéadrach Ollscoileanna an Domhain

Tháinig Ollscoil Luimnigh sa 11ú háit as na 360 ollscoil a ghlac páirt i Rangú Glas-Mhéadrach Ollscoileanna an Domhain don bhliain 2014 agus tháinig sí sa 3ú háit as 100 ollscoil fho-uirbeach ar fud an domhain. Tá sé mar aidhm leis an rangú glasmhéadrach aitheantas a thabhairt d'ollscoileanna agus iad a rangú de réir na n-iarrachtaí a dhéanann siad chun a lorg carbóin a laghdú agus chun dul i dtreo cleachtais níos inbhuanaithe. Bhí na hollscoileanna a ghlac páirt scaipthe thar 62 tír agus rinneadh iad a rangú de réir an chur chuige a bhí acu i sé phríomhréimse: Staidreamh Glas; Athrú Fuinnimh agus Aeráide; Bainistiú Dramhaíola; Úsáid Uisce; Iompar agus Oideachas. An chúis is mó ar éirigh chomh maith sin le hOllscoil Luimnigh ná an dul chun cinn a rinne Roinn na bhFoirgneamh agus na nEastát le roinnt blianta anuas chun úsáid leictreachais, gáis agus uisce ar an gcampas a laghdú.

### Gradaim um Thaisteal níos Cliste

Tháinig Scéim um Thaisteal níos Cliste na hOllscoile sa chéad áit sa chatagóir Breis-Oideachais i nGradaim 'Leading Lights in Road Safety' an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre. Bronnadh an duais mar aitheantas ar an obair a rinneadh chun sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn ar an gcampas. Mar chuid den tionscnamh tugadh amach na céadta solas LED agus na mílte míreanna ard-infheictheachta don fhoireann agus do mhic léinn ar an gcampas le linn na bliana seo caite.

Chomh maith leis sin, bhuaigh Ollscoil Luimnigh an duais do Champas Rothaíochta um Thaisteal Níos Cliste na Bliana, Gradam Thaisteal níos Cliste Sheaimpíní Inbhuanaithe na Bliana agus gradam Aontas na Mac Léinn. Rinneadh ceiliúradh leis an ngradam sin ar iarrachtaí phobal Ollscoil Luimnigh agus tugadh aitheantas don tacaíocht a thug Roinn na bhFoirgneamh agus na nEastát faoi cheannas an Stiúrthóra Robert Reidy, Taisteal Níos Cliste Luimnigh agus Aontas na Mac Léinn Ollscoil Luimnigh chun sábháilteacht ar bhóithre ar an gcampas a fheabhsú.





# GRADAIM EILE
2014 / 2015

## Duais Litríochta an Aontais Eorpaigh
Bronnadh Duais Litríochta an Aontais Eorpaigh ar Donal Ryan dá chéad leabhar, 'The Spinning Heart'. Bhuaigh 'The Spinning Heart' an gradam ón nuachtán The Guardian don chéad leabhar is fearr nó an Guardian First Book Award agus cuireadh ar an liosta fada é do Dhuais Man Booker sa bhliain 2013. Is é Donal Ryan scríbhneoir cónaithe na Comhairle Ealaíon in Ollscoil Luimnigh faoi láthair, áit a bhfuil sé ag obair le mic léinn atá ag tabhairt faoin MA sa scríbhneoireacht chruthaitheach agus áit a bhfuil an t-uafás déanta aige chun an scríbhneoireacht chruthaitheach a chur chun cinn san Ollscoil.

## Gradaim GradIreland
Ainmníodh an MA sna fleá-ealaíona mar an Cúrsa Nua Is Fearr ag Gradaim GradIreland, 2015. Tugann an clár seo, atá faoi stiúir Niamh NicGabhann, deis do mhic léinn scileanna a fhorbairt i mbainistiú ealaíon, coimeád taispeántais, léiriú, cur i láthair agus taighde agus leagtar béim ar phléaráca agus ar ról na bhféilte sa tsochaí.

## Gradaim Open Access Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Bhronn Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte an Gradam Open Access den chéad uair i mbliana, agus is é an tOllamh Colum Dunne, an Stiúrthóir Taighde sa Scoil Leighis Iontrála Iarchéime, céadbhuaiteoir an ghradaim seo. Bronnadh an gradam ar an Ollamh Dunne agus ar Shane Knox, taighdeoir sa Scoil, as an bpáipéar a scríobh siad faoi inniúlacht ghairmiúil leanúnach paraimhíochaineoirí agus ard-pharaimhíochaineoirí in Éirinn nó 'Continuous Professional Competence (CPC) for Irish Paramedics and Advanced Paramedics: A National Study.' Cuirfidh an páipéar bonn eolais faoi threoirlínte nua a fhorbairt amach anseo maidir le hinniúlacht ghairmiúil leanúnach do pharaimhíochaineoirí in Éirinn.

## Gradaim Barr Feabhais Aos Liteartha Emerald Publishing
Fuair an tOllamh Bernadette Whelan, Roinn na Staire, Gradam Ardmholta ó Bhord Comhairleach Eagarthóireachta Emerald Publishing mar chuid de ghradaim barr feabhais Aos Liteartha Emerald Publishing 2014. Foilsíodh an t-alt a scríobh sí, 'American Influences on Irish Advertising and Consumerism 1900 - 1960: Fashioning Irishwomen', in The Journal of Historical Research in Marketing. V6.1.

## Comhaltacht Taistil Taighde Éireannach-Meiriceánach ó Archibald Elias American Society for Eighteenth-Century Studies (ASECS)
Bhí an Dr Michael Griffin, Scoil an Chultúir agus na Cumarsáide, ina chomhbhuaiteoir ar chomhaltacht taistil taighde Éireannach-Meiriceánach ó Archibald Elias American Society for Eighteenth-Century Studies (ASECS). Tabharfaidh an Dr Griffin faoi thaighde doiciméadach d'eagrán nua Cambridge de bhailiúchán litreacha Oliver Goldsmith, in Leabharlann Beinecke, Ollscoil Yale agus ag an Free Library in Philadephia.

## Gradaim IPB Pride of Place
Bronnadh gradam speisialta ar an Diploma Programme in Community Wellness Empowerment Leadership & Life Skills (CWELL) ag searmanas bronnta duaiseanna IPB Pride of Place i mí na Samhna. Is í aidhm an chláir stíl mhaireachtála níos sláintiúla a chur chun cinn agus folláine na ndaoine a bhfuil cónaí orthu i bpobal faoi mhíbhuntáiste a fheabhsú.

## Ionad Ceoil Bheo na Bliana IMRO
Bhronn IMRO (Irish Music Rights Organisation) an gradam Ionad Ceoil Bheo na Bliana, Cúige Mumhan, ar Cheoláras na hOllscoile ar an 3 Feabhra. Leis an ngradam seo aithnítear ardchháilíocht an cheoil bheo a cuireadh i láthair ag an gceoláras le linn 2014.

## Cairt Ollscoile Erasmus
Bhronn an Coimisiún Eorpach Cairt Ollscoile Erasmus ar Ollscoil Luimnigh don tréimhse nua shoghluaisteachta Erasmus+, ó 2014 go 2020. Tabharfar maoiniú iomlán de luach 14.8 billiún thar an tréimhse 7 mbliana, agus rachaidh 7 mbilliún den mhéid sin ar shoghluaisteacht.



# DOCHTÚIREACHTAÍ OINIGH

**Is í an dochtúireacht oinigh an onóir is airde a bhronnann OL ar aon duine agus bronntar í ar dhaoine spreagúla a dhéanann obair mhór sa réimse ina bhfuil siad ag obair. I mbliana, ba mhór ag Ollscoil Luimnigh gradam oinigh a bhronnadh ar chúigear iontacha.**



*Catriona Crowe, duine de na tráchtairí sóisialta agus cultúrtha is mó a bhfuil meas in Éirinn uirthi*



*Catherine Day, Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, duine de na daoine is mó a chuir forbairt an Aontais Eorpaigh chun cinn*



*Niall Fitzgerald, fear gnó as Luimneach agus iarcheannaire ar Unilever, Gerard Boland, saineolaí cánach atá bunaithe i Luimneach & Michael J. Tiernan, forbróir réadmhaoine agus innealtóir as Luimneach.*

# DÁMHACHTAINÍ

## Dámhachtain aitheantais saoil d'Ollamh Bernal

Ainmníodh Harry Van den Akker, Ollamh Bernal le Sreabhmheicnic, mar bhuaiteoir Dhámhachtain aitheantais saoil Ghrúpa BHR 2015 i Meascadh. D'fhógair Grúpa Oibre Chónaidhm Eorpach na hInnealtóireachta Ceimicí an gradam, gradam nach mbronntar ach uair amháin gach trí bliana. Bronnadh an gradam ar an Ollamh Van den Akker as an obair mhór atá déanta aige ina ghairm le 38 bliain anuas i réimse na heolaíochta agus na teicneolaíochta measctha sna tionscail phróisis.

## Comhaltacht ón National Academy of Inventors

Toghadh an tOllamh Mark Davies ina Chomhalta ar an National Academy of Inventors, onóir a bhronntar ar acadóirí a bhfuil obair bhisiúil nuálaíoch déanta acu chun aireagáin den scoth a chruthú nó a chabhraigh lena gcruthú, agus ar aireagáin iad a chuir go mór le caighdeán na beatha, leis an bhforbhairt eacnamaíoch agus le leas na sochaí. Is é an tOllamh Davies an dara ball foirne ó Ollscoil Luimnigh a toghadh ar an Acadamh. Sa bhliain 2005, bhunaigh an tOllamh Davies, in éineacht leis an Dr Tara Dalton, an comhlacht Stokes Bio Ltd chun an obair thaighde phaitinnithe a bhí déanta acu in Ollscoil Luimnigh a thráchtálú. Bhain an obair thaighde sin le teicneolaíocht um imoibriú slabhrúil polaiméaráise micrishreabhánaic ardtréchuir. Fuair Stokes Bio níos mó ná $4 mhilliún mar chaipiteal fiontair agus díoladh an gnólacht le Lift Technology Corp ar $44 milliún in 2010. Sholáthair an díolachán trádála fáltas airgeadais don Ollscoil a úsáideadh chun tacú le hionad nuálaíochta nua san Ollscoil, Ionad Nuálaíochta Nexus.

## Ballraíocht Saoil an International Society of Biomechanics

Bronnadh ballraíocht oinigh saoil an International Society of Biomechanics (ISBS) ar an Dr Drew Harrison, Léachtóir sinsearach sa Roinn Corpoideachais agus Eolaíochta Spóirt in Ollscoil Luimnigh. Bronnadh an onóir ar an Dr Harrison mar aitheantas ar an méid a rinne sé ar feadh a shaoil do ISBS agus an méid a bhain sé amach i mBithmheicnic Spóirt. Is é seo an dara haitheantas mór atá faighte ag an Dr Harrison ó ISBS, mar gur bronnadh gradam Geoffrey Dyson air roimhe seo, gradam a thugann aitheantas d'eolaithe spóirt a n-éiríonn leo nasc a chruthú idir taighde sa bhithmheicnic agus cleachtas sa spóirt.

## Comhaltachtaí ón International Association of Physical Education in Higher Education (AIESEP)

Bhronn an International Association of Physical Education in Higher Education (AIESEP) comhaltachtaí ar an Dr Ann MacPhail agus ar Missy Parker, ón Roinn Corpoideachais agus Eolaíochta Spóirt in Ollscoil Luimnigh. Tugann Comhaltachtaí AIESEP aitheantas do scoláireacht den scoth i dtaighde agus i gcleachtas gairmiúil sa chorpoideachas, sa ghníomhaíocht fhisiciúil agus san oideolaíocht spóirt thar an saolré.

## Ballraíochtaí Acadamh Ríoga na hÉireann

Fógraíodh an tOllamh Bernadette Whelan, mórscoláire i stair an chaidrimh Éireannaigh-Meiriceánaigh, agus an tOllamh Anthony McElligott, mórstaraí i stair na Gearmáine san fhichiú haois, mar Bhaill d'Acadamh Ríoga na hÉireann ag searmanas a bhí ar siúl i mBaile Átha Cliath i mí an Mheithimh.

## Gradam Soghluaisteachta Lotus

Bhuaigh Javier Burton, Stiúrthóir FabLab Luimneach Gradam Soghluaiseachta Lotus+ le dul go hOllscoil Peking, Coláiste Ailtireachta agus Ailtireachta Tírdhreacha na Síne, ceann de na hollscoileanna is gníomhaí go hacadúil sa tSín agus institiúid cheannródaíoch i dtaca le huirbeachas éiceolaíoch. Comhpháirtíocht soghluaisteachta idir an tAontas Eorpach agus Institiúidí Ardoideachais san Áise Thoir Theas atá i gclár Lotus Unlimited.

# ÉACHTAÍ

## Creidiúnú don BA i bPóilíneacht Fheidhmeach faighte ag Ollscoil Luimnigh

Tá Meabhrán Tuisceana sínithe ag Ollscoil Luimnigh agus ag an nGarda Síochána, meabhrán ina ndearbhaítear go ndéanfaidh Ollscoil Luimnigh creidiúnú ar an BA i bPóilíneacht Fheidhmeach. Is i gColáiste an Gharda Síochána, an Teampall Mór, a bheidh an cúrsa ar siúl. An dea-chleachtas is fearr san oideachas a bheidh sa chúrsa seo agus bainfear úsáid as meascán de léachtaí foirmiúla, foghlaim fhadhb-bhunaithe agus tréimhse shocrúcháin inar féidir leis na mic léinn a gcuid scileanna a fhorbairt. Is í an Dr Eimear Spain comhordaitheoir an chúrsa nua, agus ba é Coláiste an Gharda Síochána i gcomhar le Scoil an Dlí, Ollscoil Luimnigh, a d'fhorbair é.

## Taighde Ollscoil Luimnigh molta ag Global Generic Medicines Initiative

Is foinse údarásach an Generics and Biosimilars Initiative (GaBI) le haghaidh nuacht dhomhanda maidir le forbairtí i réimse táirgí cineálacha agus bith-chomhchosúlachtaí. Leag sé béim i mbliana ar thaighde a rinne an Dr Suzanne Dunne sa Scoil Leighis Iontrála Iarchéime. Tá GaBI ag iarraidh an t-eolas is deireanaí maidir le leighis chineálacha agus bhith-chomhchosúla a chur ar fáil do léitheoirí agus chomh maith leis sin tá sé ag iarraidh a bheith ina uirlis chumarsáide do na príomhghairmithe atá ag obair sa chúram sláinte. Dhírigh obair an Dr Dunne ar thionchar an Achta Sláinte (Earraí Liachta a Phraghsáil agus a Sholáthar), 2013, a chuir tús le hionadú táirgí cineálacha agus praghsáil thagartha den chéad uair i margadh na hÉireann.



Ceapadh an tOllamh Paddy Gunnigle ina Ollamh Oinigh ar Cuairt le Socheolaíocht Thionsclaíoch in Ollscoil Rhodes, an Afraic Theas. Tá ceapacháin faoi láthair ag an Ollamh Gunnigle mar Ollamh ar Cuairt sa Sorbonne Université II (Pantheon-Assas) agus in Ollscoil Chathrach Nelson Mandela.

Ceapadh an Dr Stephen Kinsella mar Ollamh ar cuairt in Université Paris Nord don tréimhse 2014-2016.

Bronnadh scoláireacht ar leibhéal foirne ar an Dr Ian Grout trí chuibhreannas Mundus LEADERS an Aontais Eorpaigh. Pléann an cuibhreannas LEADERS le soghluaisteacht a éascú idir an Eoraip agus an Áise chun taighde agus oideachas innealtóireachta a fhorbairt. Mar chuid den chlár tabharfaidh an Dr Grout cuairt ar Ollscoil Pelita Harapan in Tangerang, an Indinéis, ar feadh dhá mhí in 2016 chun páirt a ghlacadh i bhfoirne teagaisc i Roinn na hInnealtóireachta Leictreonaí ag teagasc ábhar a bhaineann le dearadh córais leictreonaigh agus córas neadaithe.

Bronnadh Gradam Réigiúnach Cuibhreannas Shionainne don Fheabhas Teagaisc ar an Dr Diarmaid Lane. Tá sé mar aidhm ag an ngradam seo cleachtas den scoth i dteagasc ardoideachais ar fud Réigiún na Sionainne a chur os comhair an phobail.

Bronnadh Gradam Ollscoil Luimnigh don Fheabhas Teagaisc Grúpaí Móra ar an Dr Elaine Doyle, an Roinn Cuntasaíochta agus Airgeadais.

Bronnadh Gradam Ollscoil Luimnigh don Fheabhas Teagaisc Grúpaí Beaga ar an Dr Elaine Riordan, Nuatheangacha agus Teangeolaíocht Fheidhmeach.

Ainmníodh an Dr Melissa Parker mar Chomhalta ar an National Academy of Kinesiology, Champaign, Illinois ag an 84ú cruinniú bliantúil in Austin, Texas.

Bhí an tOllamh le Scríbhneoireacht Chruthaitheach, Joseph O'Connor, ina aoi speisialta ag seoladh an tionscnaimh One Campus One Book 2014 ar an 1 Deireadh Fómhair. Roghnaíodh an t-úrscéal is déanaí uaidh 'The Thrill of it All' mar leabhar na bliana acadúla 2014/2015. Tionscnamh de chuid OL is ea One Campus One Book OL ar a bhfuil an tIonad Scríbhneoireachta Réigiúnaí agus an tIonad Teagaisc agus Foghlama i gceannas. Spreagtar gach duine ar an gcampas, idir bhaill foirne agus mhic léinn, chun an leabhar céanna a léamh agus a phlé le linn na bliana acadúla.

I mí Eanáir ceapadh an Dr Eric R Igou mar bhall de bhord eagarthóireachta na hirise Journal of Behavioural Decision-Making.

Bhí Méara Luimnigh, an Comhairleoir Kevin Sheahan, i láthair ag fáiltiú Cathartha chun ceiliúradh a dhéanamh ar Cheolfhoireann Ollscoil Luimnigh as an méid a chuir sí le saol ceoil agus cultúrtha Luimnigh ó bunaíodh in 1992 í.

# LÉACHTAÍ TIONSCNAIMH

## Ollamh Bernal le hInnealtóireacht Chriostail, an tOllamh Michael Zaworotko

I mí Dheireadh Fómhair, thug an tOllamh Michael Zaworotko, Ollamh Bernal le hInnealtóireacht Chriostail, Roinn na hEolaíochta Ceimice agus Comhshaoil, agus ball de MSSI, a léacht tionscnaimh dar teideal 'Why Crystallography Really, Really Matters'.



An tOllamh Michael Zaworotko

## Ollamh Taca na Craoltóireachta Seirbhíse Poiblí, Bryan Dobson

Thug an láithreoir nuachta ar Six One News ar RTÉ, Bryan Dobson, a léacht tionscnaimh i mí Feabhra. Bhí idir bhaill foirne, mhic léinn agus daoine ón bpobal i láthair ag an léacht leis an Ollamh Dobson, ar 'Illuminate or Agitate: the Future of Public Service Broadcasting' a bhí mar theideal uirthi. Tá Geraldine Kennedy, iar-eagarthóir ar The Irish Times, agus Justine McCarthy, colúnaí le The Sunday Times, ina n-ollúna taca le hiriseoireacht san Ollscoil chomh maith. Le linn a chonartha, tabharfaidh Brian Dobson sainléachtaí faoi bheartais maidir le craoltóireacht seirbhíse poiblí agus máistir-ranganna faoin iriseoireacht chraolta.



(Ó chlé) Monika Gaciarz agus Thomas Heneghan, beirt mhac léinn atá ag déanamh Máistreacht san Iriseoireacht, le Bryan Dobson



An tOllamh Joseph O'Connor

## Ollamh le Scríbhneoireacht Chruthaitheach, an tOllamh Joseph O'Connor

D'úsáid an tOllamh Joseph O'Connor litreacha ón bhfíorshaol agus ón bhficsean samhlaíoch ina léacht tionscnaimh dar teideal 'Ghost Light, John Synge and Molly Allgood', chun an scéal grá idir an drámadóir agus an t-aisteoir in Amharclann na Mainistreach a léiriú. Bhí Ellen McCourt, bean chéile Frank McCourt nach maireann, i láthair ag an léacht ag a raibh an ceoltóir traidisiúnta, Martin Hayes, ag seinm. Ainmníodh an tOllamh Joseph O'Connor mar chéad Ollamh Frank McCourt le Scríbhneoireacht Chruthaitheach i mí na Bealtaine 2014 agus thosaigh sé ag teagasc i mí Mheán Fómhair 2014 i nDámh na nDán, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta. Tá sé i mbun an clár don chúrsa nua Máistreachta in Ollscoil Luimnigh sa Scríbhneoireacht Chruthaitheach a fhorbairt.

# LÉACHTAÍ TIONSCNAIMH EILE
2014 / 2015

### Ollamh Bernal le Sreabhmheicnic, an tOllamh Harry Van den Akker

Thug Ollamh Bernal le Sreabhmheicnic sa Roinn Innealtóireachta Meicniúla, Aerloingseoireachta agus Bithleighis, an tOllamh Harry Van den Akker, a léacht tionscnaimh i mí an Mhárta. Le linn a léachta, dar teideal 'Profess, Professor, Professional', rinne an tOllamh Van den Akker tráchtaireacht ar shreabhmheicnic agus ar a aistear acadúil féin, aistear a thug ar fud na cruinne é ar thurais taiscéalaíochta tionsclaíocha agus gheografacha sular bhain sé Ollúnacht Bernal in Ollscoil Luimnigh amach.

### Ollamh le hAnatamaíocht, Kieran McDermott

I mí na Bealtaine, thug an tOllamh Kieran McDermott a léacht tionscnaimh dar teideal 'Insights into the Development of the Nervous System – A Microscopist's View of the Small and the Beautiful'. Roinn an tOllamh McDermott léargas ar theicnící ceannródaíocha micreascópachta, agus bhain sé úsáid as íomhánna agus físeanna chun forbairt néarcheall i bhfíor-am a thaispeáint.

### Ollamh le hOideachas STEM, an tOllamh Sibel Erduran

I mí Eanáir, thug an tOllamh Sibel Erduran a léacht tionscnaimh, dar teideal 'Education with a big E in STEM Education'.

### Stiúrthóir Oideachais na Scoile Leighis Iontrála Iarchéime, an tOllamh Deirdre McGrath

Thug an tOllamh Deirdre McGrath, Stiúrthóir Oideachais na Scoile Leighis Iontrála Iarchéime, a léacht tionscnaimh, dar teideal 'A Timelord's view of Medical Education: From the doctors of the past to the doctors of the future', ar an 27 Samhain.

### Léacht Chuimhneacháin Tionscnaimh an Bhreithimh Henchy

Reáchtáil Scoil an Dlí, Ollscoil Luimnigh agus Scoil an Dlí, OÉ Gaillimh, léacht chuimhneacháin tionscnaimh an Bhreithimh Henchy i gCora Finne, Co. an Chláir. Ba é an Breitheamh Ard-Chúirte agus an Breitheamh Ainmnithe don Chúirt Achomhairc, an Breitheamh Onórach Gerard Hogan, a thug an léacht i mbliana, dar teideal 'Elegantia Juris: Mr. Justice Seamus Henchy'. Déanann an teideal tagairt don bhua ar leith a bhaineann le 'elegantia juris': an cumas gnáthghnóthaí, na foirmiúlachtaí, na mionsonraí teicniúla a chur i gcrích ach ag an am céanna, tuiscint a chothú ar fhíorphrionsabail stuama i bprós snasta dlíthiúil; agus go minic go ndéantar bealach nua don dlí a leagan amach tríd an bpróiseas sin.



# MIC LÉINN RATHÚLA

### Gradaim an Uachtaráin do Mhic Léinn Rochtana

Bunaíodh Gradaim an Uachtaráin do Mhic Léinn Rochtana chun aitheantas a thabhairt do na caighdeáin acadúla is airde a bhaintear amach i measc mic léinn rochtana. Bhronn an tUachtarán Don Barry sé scoláireacht, ar fiú €2,500 an ceann iad, ar Brian O'Mahony, an Dara Bliain, Innealtóireacht Mheicniúil; Robert O'Shea, an Dara Bliain, Forbairt Cluichí Ríomhaire; Conor McCarthy, an Tríú Bliain, Eacnamaíocht agus Eolaíocht Mhatamaiticiúil; Aurimas Jankauskas, an Tríú Bliain, Innealtóireacht Aerloingseoireachta; Shane Harrington, an Ceathrú Bliain, Staidéar Gnó; agus Jeffrey Daly, an Ceathrú Bliain, Innealtóireacht Ríomhaireachta agus Leictreonaice. Is é misean Oifig Rochtana Ollscoil Luimnigh tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do dhaoine óga ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíocha le deis a thabhairt dóibh dul ar aghaidh sa chóras ardoideachais.



*(Ó chlé) Shane Harrington, Jeffrey Daly, Brian O'Mahony agus Robert O'Shea*



### Gradaim an Uachtaráin d'Obair Dheonach

Tugadh onóir do chéad caoga is a cúig mac léinn ag searmanas bliantúil Ghradaim an Uachtaráin d'Obair Dheonach i mí Dheireadh Fómhair. Seo an líon is mó a ghlac páirt sa chlár go dtí seo agus ina measc bhí fochéimithe, iarchéimithe, mic léinn idirnáisiúnta agus mic léinn Erasmus. Le linn na bliana seo caite chaith siad níos mó ná 11,000 uair an chloig i mbun obair dheonach le réimse leathan eagraíochtaí a bhíonn ag plé le cúiseanna áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Roghnaíodh beirt mhac léinn agus bronnadh gradam do shárobair orthu, gradam a bhronntar mar aitheantas ar dhaoine a bhfuil an t-uafás bainte amach acu ar mhaithe leis an tsochaí tríd an obair dheonach atá déanta acu. Ba iad Triona O'Sullivan, Ros Ó gCairbre, Co. Chorcaí agus David Tierney ó Luimneach buaiteoirí an Ghradaim.

# MIC LÉINN RATHÚLA EILE
2014 / 2015

## Scoláireachtaí Analog Devices
Bronnadh Scoláireachtaí Analog Devices, ar fiú €7,000 an ceann iad, ar sheisear mac léinn ó Roinn na hInnealtóireachta Ríomhaireachta agus Leictreonaice i mí na Samhna. Bronnadh scoláireacht ar Graham Britchfield, James Ryan, Adrian O Riordan, Eoin Bolger agus Anthony Purcell. Bronnadh Bonn Hank Krabbe ar Damien O'Brien chomh maith, a bhfuil deontas €5,000 ag dul leis. Bunaíodh Scoláireachtaí agus Bonn Hank Krabbe i gcuimhne ar an Stiúrthóir Bainistíochta a bhunaigh ADI i Luimneach, agus bronnadh gach bliain ó 2010 iad ar mhic léinn den scoth san Innealtóireacht Ríomhaireachta agus Leictreonaice in Ollscoil Luimnigh. Bunaíodh na gradaim mar spreagadh do dhaoine óga a bhí ag smaoineamh ar staidéar a dhéanamh ar an innealtóireacht. Cuireann bronntanas de luach €125,000 ó Analog Devices go Fondúireacht Ollscoil Luimnigh cistiú ar fáil do scoláireachtaí agus Bonn Hank Krebbe.

## Gradaim na bhFochéimithe
Bhuaigh Fiona Malone ón Roinn Innealtóireachta Meicniúla, Aerloingseoireachta agus Bithleighis Gradam na bhFochéimithe, 2014 sa chatagóir Innealtóireacht agus Eolaíocht Mheicniúil. Roghnaíodh a tionscadal, dar teideal 'The Automated Decellularisation of Ovine and Porcine Biological Tissues: A Preliminary Investigation' as 150 tionscadal eile a cuireadh isteach i mbliana. Gradaim acadúla idirnáisiúnta mór le rá iad Gradaim na bhFochéimithe a bhfuil sé mar aidhm acu ceiliúradh a dhéanamh ar na fochéimithe is éirimiúla agus is nuálaí ar domhan agus tacaíocht a thabhairt dóibh trí aitheantas a thabhairt don obair chúrsa agus don tionscadal is fearr a chuireann mic léinn i gcrích.

## Gradam James Dyson, 2015
Bronnadh Gradam James Dyson na hÉireann, 2015 ar mhac léinn ó Ollscoil Luimnigh, Cathal Redmond. Dhear Cathal Express Dive, gléas a ligeann do thumadóirí análú suas le dhá nóiméad faoin uisce. Tá Express Dive níos lú, níos éadroime agus níos saoire ná aon chóras scúba atá ar an margadh, agus líonann sé an bhearna idir snorcláil agus scúbadóireacht. Chun an tumadóir a chosaint ó thumadh ródhomhain a dhéanamh tá aláram doimhneachta agus dúnadh aeir agus tá taispeáint dhigiteach ann chomh maith chun an tumadóir a choinneáil ar an eolas faoin méid aeir atá fágtha. Fuair Cathal €2500 ó Fhondúireacht James Dyson agus téann sé ar aghaidh anois chuig céim idirnáisiúnta na ngradam, áit a mbeidh sé in iomaíocht le os cionn 600 mac léinn ó 20 tír do dhuais €37,500 chun cabhrú leis a ghléas a fhorbairt tuilleadh. Seo an dara bliain as a chéile a bhfuil an gradam buaite ag mac léinn ó Ollscoil Luimnigh.

## Scoláireachtaí Iontrála Ollscoil Luimnigh
Den tríú bliain as a chéile bhronn Ollscoil Luimnigh scoláireacht iontrála ar 40 mac léinn sa chéad bhliain. Bronnadh na scoláireachtaí ar mhic léinn ag teacht isteach don Bhliain Acadúil 2014/15 bunaithe ar an gcaoi ar éirigh leo san Ardteistiméireacht de réir na bpointí CAO a fuair siad. Bíonn na scoláireachtaí ar fáil do mhic léinn sna disciplíní ar fad. Bronnadh naoi scoláireacht ar fad ar gach Dámh acu seo a leanas: Eolaíocht agus Innealtóireacht, Oideachas agus Eolaíochtaí Sláinte, na Dána, Daonnachtaí agus Eolaíochtaí Sóisialta, agus Scoil Ghnó Kemmy. Bhí dhá scoláireacht ar fáil do Dhámh Chruinne Éireann Rince agus Ceol agus dhá scoláireacht do chláir idirdháimhe amhail an BA i nDlí agus i gCuntasaíocht agus an BA san Árachas Idirnáisiúnta agus i Staidéar Eorpach. Chomh maith leis sin, bronnadh 10 scoláireacht ar mhic léinn aibí ag teacht isteach.

Bhain Marian Dino, mac léinn le Dlí agus Cuntasaíocht sa cheathrú bliain, na torthaí QCA is airde amach ina bliain deiridh agus bronnadh Duais Scoláireacht na ndlíodóirí Holmes O'Malley Sexton uirthi.

Bhuaigh beirt mhac léinn ón gcúrsa Law Plus in Ollscoil Luimnigh, Colin Higgins agus Katie-Alice Murphy, The Advocate 2015, Dúshlán Uile-Éireann i nDlí an Ghnó a reáchtáil McCann FitzGerald. Reáchtáiltear an dúshlán i gcomhar leis an tSeirbhís Chúirteanna agus le Seirbhís Chúirteanna agus Bhinsí Thuaisceart Éireann. Roinn siad duaischiste €3,000 agus fuair siad áit ar chlár intéirneachta samhraidh McCann FitzGerald.

Bhuaigh Fiachra McKermott, mac léinn le hIriseoireacht, Gradam Náisiúnta Meán na Mac Léinn Headline don bhliain 2015 leis an gclár faisnéise raidió dar teideal 'Midleton: Hope Springs Eternal for the former suicide capital of Ireland'.

Roinn na mic léinn ailtireachta sa dara bliain, Miljan Elcic agus Michael Gardiner, an chéad duais i gcomórtas mac léinn Chumann Ailtireachta na hÉireann. Iarradh ar iontrálaithe machnamh a dhéanamh ar an tsaincheist, 'Isolation and Ageing in our Society'.

D'éirigh le Marian Dino, Dlí agus Cuntasaíocht agus Siobhan Sugrue, Law Plus, scoláireachtaí a bhaint amach chun tabhairt faoi intéirneachtaí dlí sa tSín le China Recruitment China Consulting (CRCC) san Áise an samhradh seo.

Rinne triúr mac léinn iarchéime sna Dána, sna Daonnachtaí agus sna hEolaíochtaí Sóisialta ionadaíocht ar an Ollscoil ag Samhail an Aontais Eorpaigh (MEU) a reáchtáil an State University of New York agus City College New York, in Manhattan. Ghlac Anthony Woods, Mark Walsh agus Ruairi O'Donnell róil cheannairí polaitiúla na Polainne chucu féin ag ionsamhlú de Chruinniú Mullaigh de chuid an AE. Is mic léinn le Cearta an Duine i gCeartas Coiriúil, Socheolaíocht agus Dlí Tráchtála Idirnáisiúnta iad.

Roghnaíodh Sean Beatty, mac léinn ón gcúrsa Law Plus sa tríú bliain, mar ionadaí Scoil Dlí Ollscoil Luimnigh na bliana seo ar Chlár Seachtrach Samhraidh 2015 Chúirt Fheidearálach Dúiche Los Angeles. Caithfidh Sean trí mhí in Los Angeles, áit a mbeidh sé ag obair sna hArdchúirteanna, sna Cúirteanna Feidearálacha agus i ndlísheomraí na mbreithiúna, chomh maith le bheith páirteach in ullmhú meabhrán dlí.

Roghnaíodh Mark O'Brien, mac léinn PhD i Roinn na hInnealtóireachta Meicniúla, Aerloingseoireachta agus Bithleighis, as breis agus míle mac léinn iarchéime ar fud an domhain chun freastal ar Shiompóisiam St Gallen mar Cheannaire don Todhchaí.

Ainmníodh Ben Panter, mac léinn BA sa dara bliain le hIriseoireacht agus na Meáin Nua, mar dhuine de bhuaiteoirí Chiste na Meán Simon Cumbers, le tacaíocht ó Chúnamh Éireann. Tá Ben le taisteal go dtí an Aetóip chun clár faisnéise a dhéanamh i gcomhar leis an stáisiún raidió Newstalk ar Ethiopia's Beer Boom: The Winners and Losers in Times of Economic Growth.

Bronnadh deontas ó Chiste na Meán Simon Cumbers ar Raffaele Rocca chomh maith. Bronnadh MA in Iriseoireacht ar Raffaela anuraidh. Rachaidh sé go Siarra Leon níos deireanaí i mbliana chun tuairisc meáin a chur i dtoll a chéile dar teideal 'Why are Sierra Leone's disabled not part of the plan?'. Déanfaidh an togra imscrúdú ar an gcaighdeán saoil atá acu siúd ar baineadh géag leo, agus iad siúd atá faoi mhíchumas, agus ar an gcúram agus an chóir leighis a fhaigheann siad ón rialtas.

Bhuaigh triúr mac léinn sa chéad bhliain den BSc i Ríomhchórais, Oliver Gavin, Patrick Foskin agus Jonathan Lloyd, comórtas Náisiúnta Ríomhchlárúcháin Robocode 2015, ar reáchtáladh é mar chuid de Fhleadh na gCluichí 2015. Comórtas bliantúil ríomhchlárúcháin é Robocode atá oscailte do mhic léinn fochéime sa chéad bhliain agus tugann sé deis dóibh a gcumas ríomhchlárúcháin a thaispeáint chomh maith leis an gcur amach atá acu ar ríomhchlárú GUI, ar úsáid API agus ar Intleacht Shaorga.

Bronnadh Duais Cuimhneacháin Dermot Foley ar Imelda Cassidy, ar mac léinn sna Dána (Bainistíocht Acmhainní Daonna) í. Is í Roinn na nAcmhainní Daonna a rinne urraíocht ar an ngradam agus is í Marie Foley a bhronn é.

Ainmníodh Orla Punch, ar mac léinn le hailtireacht í, mar chomhbhuaiteoir Bhonn an Uachtaráin ag an searmanas bronnta céimeanna as ucht na dtorthaí a fuair sí ina scrúduithe céime i mbliana.

Ghlac naonúr mac léinn ón Scoil Leighis Iontrála Iarchéime páirt i gComhdháil Taighde Thionscnaimh Chonair an Atlantaigh COC-Ollscoil Luimnigh-OÉG i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh ar an 10 Samhain. Bhain Gemma Reddin an duais don Chur i Láthair is Fearr ar Phóstaer.

Thug an taighdeoir ón Institiúid Eolaíochta Ábhar & Dromchla, Eoin Hinchy, leis an chéad duais i gcomórtas póstaer Eolaíochta Ábhar ag Comhdháil Chumann Micreascópachta na hÉireann. An teideal a bhí ar an bpóstaer a bhain an duais ná 'Characterising the Interaction of Diffusion Braze with Welded and Single Crystal Nickel-Based Superalloy Substrates Using SEM and EBSD'.

Tugadh cuireadh do bheirt mhac léinn tráchtais ó Scoil na hAiltireachta in Ollscoil Luimnigh, Orla Punch agus Martin Lennon, a bheith páirteach i bhFóram Polasaí Oideachais Ailtireachta Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann, áit a raibh luach an oideachais, scileanna praiticiúla agus dearadh ildisciplíneach faoi chaibidil.

Cuireadh roinnt mac léinn le hIriseoireacht ar an ngearrliosta do Ghradaim Náisiúnta Meán na Mac Léinn: Iriseoir na Bliana - Tomás Heneghan, MA in Iriseoireacht; Foilseachán beag coláiste - Fintan Walsh, BA in Iriseoireacht agus na Meáin Nua; Léiriú Raidió na Bliana (Nuacht agus Cúrsaí Reatha) - Eileesh Buckley agus Tomás Heneghan, MA in Iriseoireacht; Léiriú Raidió (na hEalaíona agus Gné-Ailt) - Aedin O'Tiarnaigh, Gaeilge agus Iriseoireacht; Fótagrafaíocht Spóirt - Eileesh Buckley, MA in Iriseoireacht; Gradam an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre d'Iriseoireacht a bhaineann le Sábháilteacht ar na Bóithre - Jessica Leen, BA in Iriseoireacht agus na Meáin Nua.

# ÉACHTAÍ SPÓIRT

## Halla Laochra Spóirt Ollscoil Luimnigh

Glacadh le seachtar a bhfuil éacht déanta acu ina spóirt féin i Halla Laochra Spóirt Ollscoil Luimnigh i mí Lúnasa. Is iad na daoine ar tugadh aitheantas dóibh i mbliana ná Ruth Algar (Lúthchleasaíocht), Fiona Coughlan (Rugbaí), Brian Lohan (Iomáint), Sean McGrath (Lúthchleasaí Parailimpeach), Liam O'Brien (Lúthchleasaíocht), Fiona O'Driscoll (Camógaíocht/Peil Ghaelach) agus Keith Wood (Rugbaí).



*(Ó chlé) Brian Lohan agus Keith Wood*

*Thomas Barr*



## Bonn Óir i gCluichí Ollscoileanna an Domhain

Bhuaigh Thomas Barr, mac léinn in Ollscoil Luimnigh, bonn óir i gCluichí Ollscoileanna an Domhain na bliana seo in Gwanju, An Chóiré Theas, sa Chliathrás 400m. Chríochnaigh sé an rás taobh istigh de 48.78 soicind. Is é an chéad lúthchleasaí de chuid na hÉireann é ar éirigh leis bonn óir a bhaint amach ón uair a rinne Sonia O' Sullivan an beart in 1991.

## Comórtas Snámha Idir-Ollscoile na hÉireann 2015

Ghlac fiche snámhaí ó Ollscoil Luimnigh páirt i gComórtas Snámha Idir-Ollscoile na hÉireann i mí an Mhárta seo caite. Bhain snámhaithe Ollscoil Luimnigh amach 18 mbonn, sé bhonn óir, cúig bhonn airgid agus seacht mbonn cré-umha ina measc. D'fhág sé sin gur tháinig an Ollscoil sa tríú háit san iomlán tar éis chomórtais na mBan, na bhFear agus na bhFoirne. Tá seachtar snámhaí roghnaithe chun an fód a sheasamh d'Éirinn ag cluichí na Náisiún Ceilteach atá ar na bacáin i nGlaschú.

## Comórtas Cadhcála Idir-Ollscoile Náisiúnta

Bhuaigh Club Cadhcála Ollscoil Luimnigh an Comórtas Cadhcála Idir-Ollscoile Náisiúnta i mí Feabhra don séú bliain as a chéile.

## Gnóthachtálacha Eachaíochta

Reáchtáil Club Eachaíochta Ollscoil Luimnigh an comórtas bliantúil teitreatlain in Inis i mbliana. Bhí ceithre choláiste déag ann, agus breis agus fiche foireann. Bhain foireann Ollscoil Luimnigh, Patrick Duggan, Brigitte Murphy, Kate Costello agus Luke Sutherland, amach an chéad duais san iomlán, mar aon le duaiseanna aonair éagsúla. D'éirigh leo arís ag an gComórtas Idir-Ollscoile i gCorcaigh nuair a bhuaigh siad an Craobhchomórtas Idir-Ollscoile.

## Scoláireachtaí Ardfheidhmíochta Chumann Lúthchleas Gael

Bronnadh Scoláireachtaí Ardfheidhmíochta Ollscoil Luimnigh-CLG-Banc na hÉireann ar 33 lúthchleasaí CLG i mí na Samhna. Forbraíodh Clár Ardfheidhmíochta Ollscoil Luimnigh-CLG-Banc na hÉireann chun tacú le mic léinn a chaitheann dúthracht leanúnach lena gcúrsa staidéir agus lena gcumann agus lena gcontae.

## Príomhscéalta CLG

I mbliana, d'éirigh le cumann CLG Ollscoil Luimnigh dhá cheann de na ceithre chraobhchomórtas a bhaint: Corn Mhic Giobúin agus Corn Uí Chonchubhair; agus thug siad leo ocht dtrófaí eile. Bhí an bua ag an bhfoireann shinsearach iománaíochta i gcluiche ceannais Mhic Giobúin den chéad uair ó 2011, agus den chúigiú huair riamh. Bhain foireann shinsearach peile na mban Corn Uí Chonchubhair don dara bliain as a chéile.

Bhí ionadaíocht ag Ollscoil Luimnigh freisin ar fhoireann Sárimreoirí Chorn Ashbourne, agus ainmníodh Laura McMahon, Niamh O'Dea agus Cait Devane i measc na 15 imreoir is fearr sa chomórtas. Tá ochtar imreoirí as Ollscoil Luimnigh ainmnithe freisin ar fhoireann Sárimreoirí Peile na mBan an HEC: Edel Murphy, Laurie Ryan, Beulah McManus, Julia White, Jen Grant, Áine Tighe, Niamh O'Dea agus Roisin Leonard.

## Scoláireachtaí Scoil Ghnó Kemmy agus Chumann Imreoirí Ban Gael

Tá clár scoláireachta gnó do chéimithe seolta ag Scoil Ghnó Kemmy (KBS) d'imreoirí ban contae CLG. Shínigh an Dr Philip O'Regan, Déan Scoil Ghnó Kemmy agus Aoife Lane, Cathaoirleach Chumann Imreoirí Ban Gael, meabhrán tuisceana ag seoladh an chláir. Maithfear 50% de na táillí faoi na scoláireachtaí KBS-WGPA seo do chláir mhúinte iarchéime sa KBS i réimsí cosúil le heacnamaíocht, airgeadas, cánachas, bainistíocht acmhainní daonna, fiontraíocht, margaíocht, bainistíocht tionscadal agus go leor eile.



*Comórtas Cadhcála Idir-Ollscoile Náisiúnta*

# 03 TAIGHDE, FIONTRAÍOCHT AGUS RANNPHÁIRTÍOCHT

## TAIGHDE

**Tá portfóilió taighde Ollscoil Luimnigh ag dul ó neart go neart. Tá naisc na hOllscoile le hearnáil na tionsclaíochta agus le líonraí Taighde & Forbartha náisiúnta agus idirnáisiúnta ag dul i méid bliain i ndiaidh bliana. Tá obair laistigh de dhisciplíní, agus idir dhisciplíní, ag cur borradh faoi phríomhearnálacha eacnamaíochta, agus ag cur le forbairt bunsraithe scileanna d'Éirinn.**

### Baineann LERO leas as infheistíocht €245 milliún san earnáil Eolaíochta agus Teicneolaíochta

D'fhógair an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, Richard Bruton, TD agus an tAire Scileanna, Taighde agus Nuálaíochta, Damien English, TD go raibh maoiniú €245 milliún á chur ar fáil ag an Rialtas agus ag an earnáil thionsclaíoch chun cúig Ionad Taighde nua den scoth de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) a bhunú in Éirinn. Áiríodh Lero, Lárionad Taighde na hÉireann don Innealtóireacht Bogearraí a bhfuil a cheanncheathrú lonnaithe in Ollscoil Luimnigh, ina measc siúd ar bronnadh maoiniú substaintiúil orthu. Tugann Lero foirne bogearraí den scoth le chéile ó Ollscoileanna agus ó Institiúidí Teicneolaíochta in ionad comhordaithe sárthaighde, áit a bhfuil béim láidir ar an tionscal. Tá próifíl agus leibhéal taighde bogearraí na hÉireann níos airde anois a bhuíochas le hiarrachtaí Lero, agus tá sé ar cheann de na hionaid taighde bogearraí is mó aitheantas agus cáil sa domhan. Tiocfaidh €155 milliún den mhaoiniú nua ó Chlár Ionad Taighde Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) mar aon le €90 milliún i maoiniú díreach agus i ranníocaíochtaí comhchineálacha ó chomhpháirtithe tionscail. Tacóidh sé le taighde ceannródaíoch in earnálacha criticiúla agus nua an gheilleagair, a mbeidh ról lárnach acu maidir le cruthú post in Éirinn, agus cuirfear ar fáil é i rith na sé bliana seo chugainn (2015-2020).




Saotharlann Lero

### Lárionad Teicneolaíochta Próiseála Déiríochta €25 milliún le lonnú in Ollscoil Luimnigh

D'fhógair Richard Bruton TD, an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, agus Simon Coveney TD, an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, go bhfuil Lárionad Teicneolaíochta Próiseála Déiríochta (DPTC) le lonnú in Ollscoil Luimnigh. Is comhfhiontar DPTC idir ocht gcomhlacht agus naoi n-eagraíocht taighde. Is cuid d'infheistíocht €25 milliún ó Fhiontraíocht Éireann agus ón tionscal an t-ionad, agus fágfaidh sé go mbeidh Éire ina ceannaire domhanda sa nuálaíocht déiríochta agus go mbeifear in ann an leas is fearr a bhaint as na deiseanna fáis fadtréimhseacha a chruthóidh an méadú 50% a bhfuiltear ag súil leis in earnáil bhainne na hÉireann faoi 2020. Cruthófar 52 post nua do thaighdeoirí ardoilte thar théarma cúig bliana an ionaid. Áirítear le Cuibhreannas DPTC Arrabawn Co-op, Aurivo, Carbery, Dairygold, Glanbia, Kerry Group, Lakeland Dairies agus Tipperary Co-op.

*(Ó chlé) Richard Bruton TD An tAire Post, Fiontar & Nuálaíochta, Simon Coveney TD An tAire Talmhaíochta, Bia & Mara agus Conor Ryan Príomhfheidhmeannach Arrabawn Co-Op*





An tOllamh Kieran Hodnett

### Maoiniú €1.5 milliún SFI don Ionad Cógaisíochta Staide Soladaí & Sintéise (SSPC)

D'fhógair an tAire Scileanna, Taighde agus Nuálaíochta, Damien English TD, comhoibriú nua idir an tionscal agus an taobh acadúil ag an Ionad Cógaisíochta Staide Soladaí & Sintéise i mí na Samhna. Is é an tOllamh Kieran Hodnett atá i gceannas ar an taighde i bpáirtíocht le seacht gcomhpháirtí tionscail agus trí eagraíocht taighde. Is cuid den taighde comhoibritheach nua Ard-Teicneolaíochtaí Bithchógaisíochta é. Cuirfidh an Roinn Post maoiniú €1,050,000 ar fáil trí chlár Spokes Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI), mar aon le €450,000 in airgead tirim agus ranníocaíochtaí comhchineálacha ó chomhpháirtithe tionscail. Ginfidh an tionscadal maoin intleachtúil shuntasach d'ollscoileanna na hÉireann agus gnóthófar leis buntáiste tráchtála do chomhlachtaí bithchógaisíochta atá lonnaithe in Éirinn, féachaint le háit na hÉireann a dhaingniú mar lárionad domhanda do nuálaíocht i bpróisis chógaisíochta agus d'ard-déantúsaíocht. Cabhraíonn na hIonaid Taighde SFI, Clár Spokes SFI san áireamh, le heolaithe comhpháirtíochta agus le hinnealtóirí tionscail aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna ríthábhachtacha taighde, forbairt comhlachtaí nua agus comhlachtaí atá ann cheana agus atá lonnaithe in Éirinn a chothú, tionsclaíocht a mhealladh agus cur leis na deiseanna oideachais agus gairme sna hearnálacha eolaíochta agus innealtóireachta in Éirinn.

# TUILLEADH TAIGHDE
2014 / 2015

## Staidéar ar Choireacht Fuatha

I mí Iúil, sheol Comhairle na hÉireann um Chearta an Duine (ICCL) taighde a coimisiníodh ón nGrúpa Taighde ar Fhuath agus Naimhdeas. Is í an tuarascáil seo, 'Out of the Shadows: Legislating for Hate Crime in Ireland', an toradh a bhí ar an aon tionscadal taighde trasearnála amháin atá tiomanta d'athchóiriú dlí na hÉireann maidir le coireacht fuatha. Bunaíodh an tuarascáil ar agallaimh fadréimseacha le híospartaigh coireanna fuatha, comhaltaí den Gharda Síochána agus le lucht dlí, agus ar athbhreithniú mionsonraithe ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta chun dul i ngleic le coireacht fuatha. Is í Comhairle na hÉireann um Chearta an Duine (ICCL) a choimisiúnaigh an tuarascáil, arb í príomhfhoras faire neamhspleách na hÉireann i ndáil le cearta an duine í. Is iad Jennifer Schweppe, an Roinn Dlí, agus an Dr Amanda Haynes, Roinn na Socheolaíochta, údair na tuarascála, agus bronnadh maoiniú níos mó ná €500,000 orthu ón gClár um Cearta, Comhionannas agus Saoránacht de chuid Ard-Stiúrthóireacht Ceartais an AE.

## Sláinte Nasctha

Bhronn Fiontraíocht Éireann níos mó ná €500,000 ar an Lárionad Taighde Fheidhmigh do Theicneolaíocht Sláinte Nasctha, a bhfuil an tOllamh Brian Caulfield, COBÁC, i gceannas air. Is í an Dr Ita Richardson, CSIS agus LERO, an Príomhthaighdeoir.

## Scoil Ghnó Kemmy coimisiúnaithe chun staidéar a dhéanamh ar chonarthaí uaireanta nialais

Tabharfaidh foireann taighde ó Scoil Ghnó Kemmy (KBS) faoin gcéad staidéar rialtais maidir le leitheadúlacht agus tionchar conarthaí uaireanta nialais agus íseal-uaireanta. Choimisiúnaigh an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta an taighde dar teideal 'The Prevalence of Zero-Hour Contracts among Irish Employers and Their Impact on Employees' agus déanfar cíoradh ann ar na sonraí atá ar fáil maidir le conarthaí uaireanta nialais agus íseal-uaireanta. Bainfear úsáid sa staidéar as raon modheolaíochtaí chun teacht ar eolas nua, a n-áireofar leo bualadh le hionadaithe na n-oibrithe agus le fostóirí i réimsí den gheilleagar a luaitear le conarthaí íseal-uaireanta.

## Eisichreatlacha oiriúnaitheacha do dhaoine níos sine

Bronnadh €250,000 ar thaighdeoirí Ghrúpa Taighde Fachtóirí Deartha Ollscoil Luimnigh chun eisichreatlach a fhorbairt a chabhróidh le daoine níos sine. Is cuid den tionscadal AXO-SUIT an taighde seo, a bhfuil buiséad beagnach €3 mhilliún aige, agus mairfidh sé trí bliana. Rachaidh Ollscoil Luimnigh i gcomhghuaillíocht le MTD Ltd i gCorcaigh chun an coincheap a dhearadh agus a thabhairt chuig céim na déantúsaíochta. Is ionann luach iomlán an tionscadail do na comhpháirtithe Éireannacha agus €650,000. Is é cuspóir an tionscadail eisichreatlacha oiriúnaitheacha d'íochtar na colainne, d'uachtar na colainne agus don cholainn iomlán a tháirgeadh d'fhonn tacú le daoine níos sine a dtascanna laethúla a dhéanamh agus a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí ceirde agus sóisialta. Tá an Dr Leonard O'Sullivan, Léachtóir Sinsearach le hEirgeanamaíocht agus Fachtóirí Daonna i Roinn na Teicneolaíochta Déantúsaíochta & Deartha i gceannas ar an taighde in Ollscoil Luimnigh. Tá an taighde á chómhaoiniú ag Fiontraíocht Éireann agus ag an gClár Maireachtála Cuidithe Comhthimpeallaí (AAL) arna chomhordú ag Aalborg University, an Danmhairg.

## Comhar Traschultúir

Fuair Lero deontas taighde €133,000 i mí Bealtaine chun tráchtálú a dhéanamh ar fheidhmchlár oiliúna a bhfuil sé mar aidhm aige borradh a chur faoi chomhar, cumarsáid agus táirgiúlacht foirne ilchultúrtha. Bronnadh an maoiniú don tionscadal VENTURE de bhun chlár tráchtála Fhiontraíocht Éireann agus fuair sé cómhaoiniú ón Aontas Eorpach trí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa. Tá foireann an tionscadail faoi stiúir an Dr Sarah Beecham, agus tá an Dr John Noll agus an Dr Helen Kelly-Holmes orthu siúd atá páirteach ann. Is as tionscadal taighde PhD a tháinig bunsmaoineamh agus bunobair VENTURE arb é iar-mhac léinn de chuid Ollscoil Luimnigh agus Ollscoil Castilla-la Mancha (UCLM), an Dr Miguel Monasor, a bhí taobh thiar de.

## €2.6 milliún chun teip scagdhealaithe a chomhrac

Tá an taighdeoir, an Dr Michael Walsh, as Ollscoil Luimnigh, i gceannas ar fhoireann atá páirteach i dtionscadal Eorpach (ReDVA) chun feabhas a chur ar theicnící scagdhealaithe don 750,000 duine san Eoraip a mbíonn an chóir leighis sin de dhíth orthu ar bhonn rialta. Is é haema-scagdhealú an cineál scagdhealaithe is coitianta ina dtógtar fuil trí huaire in aghaidh na seachtaine ó shuíomh rochtana soithíoch sa láimh. Seoltar trí ghléas scagdhealaithe ansin í agus tugtar ar ais don othar í. Cliseann ar na suíomhanna rochtana soithíocha sin, áfach, laistigh den chéad bhliain i gcás leath de na hothair ar a laghad, rud a fhágann nach mór obráidí a dhéanamh orthu an athuair agus gur mó seans go dtiocfadh ionfhabhtú orthu. Tá an taighde seo ag dul i ngleic leis na saincheisteanna do na hothair siúd atá ar scagdhealú ar bhonn fadtéarmach. Ar deireadh, déanfaidh sé leas do shláinte na n-othar, laghdóidh sé an méid ama a chaitear san ospidéal agus maolóidh sé an méid míchompoird a bhíonn orthu siúd atá ar scagdhealú duán. Tá tacaíocht faighte ag an tionscadal seo ó chlár IAPP Marie Curie (Industry-Academia Partnership and Pathways) an Aontais Eorpaigh.

## Ionad na Gnóthachtála Acadúla

Bronnadh €10,000 ar an Dr Stephen Kinsella do chlár Ionad na Gnóthachtála Acadúla mar chuid de dheontas Fhondúireacht Eolaíochta Éireann i gcomhpháirt le DCU. Bhronn Disney €30,000 air freisin d'Ionad na Gnóthachtála Acadúla do 2014-2016.

## Bainistíocht struis do chúramóirí

Bhronn an Carolan Research Institute, SAM, $15,000 ar an Dr Stephen Gallagher agus Brenda O'Connell (mac léinn PhD) chun staidéar a dhéanamh ar idirghabhálacha chun an strus a bhíonn ar chúramóirí a bhainistiú dar teideal 'Building Resources in Caregivers: A Randomised Controlled Trial for Benefit Finding'.

## Bolgáin solais níos cliste, níos glaise agus níos inbhuanaithe

Tá foireann taighde in Ollscoil Luimnigh atá lonnaithe sa Lárionad Taighde Ciorcad agus Córas ag tabhairt faoin dúshlán bolgáin solais a dhéanamh níos cliste, níos glaise agus níos éifeachtaí trí úsáid a bhaint as rialú digiteach. Tá níos mó ná €380,000 faighte ag an bhfoireann ó Fhiontraíocht Éireann chun teicneolaíocht a fhorbairt a ligfidh d'úinéirí tí leibhéal, ton agus fiú dath an tsolais a thagann óna mbolgáin solais LED a rialú. Ligfidh an teicneolaíocht seo amach anseo d'úinéirí tí a gcórais soilsithe a rialú go cianda trí fheidhmchlár ar a bhfón póca. Tá gach cosúlacht ann go mbeidh tionchar mór ag an teicneolaíocht nua seo, a fhágfaidh go mbeidh bolgáin solais LED in-ríomhchláraithe, ar thionscal na micrileictreonaice, tionscal a bhfuil borradh faoin mol saineolais a bhaineann leis atá lonnaithe i réigiún an Iarthair Láir.

## Comhionannas inscne san AE

Tá ról ceannaireachta ag Ollscoil Luimnigh ar thionscadal a bhfuil tacaíocht á fáil aige ó 'Progress Programme' an Aontais Eorpaigh mar chuid de raon tionscnamh faoina gcíortar comhionannas inscne san AE. Fuair foireann faoi cheannas an Dr Christine Cross níos mó ná €300,000 i bhfoirm maoinithe ón gCoimisiún Eorpach do thionscadal dar teideal 'Gender Equality in Decision Making (GEM)'. Tá an tionscadal seo á sheoladh i gcomhpháirtíocht le IBEC, Cranfield, DELL agus Ollscoil Dhún Éideann. Tá an tionscadal seo ag díriú go sainiúil ar an tionchar atá ag cleachtais acmhainní daonna - roghnú, bainistíocht feidhmíochta agus dul chun cinn - ar chomhionannas inscne i gcinnteoireacht laistigh d'eagraíochtaí.

## Gradaim Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa

Tá conradh forbartha bogearraí faighte ag Gníomhaireacht Spáis na hEorpa (ESA) ar fiú €400,000 é. Beidh an clár seo, a mhairfidh 18 mí, faoi stiúir Stiúrthóir Lero, an tOllamh Mike Hinchey. Tá sé i gceist leis an gclár seo cur leis an tacar uirlisí atá ar fáil d'fhorbróirí a bhíonn i mbun oibre ar na bogearraí eitilte do mhisin spáis Eorpacha sa todhchaí chun go mbeidh siad níos iontaofa. Rachaidh Lero i mbun comhoibrithe leis an déantúsóir sliseanna ón tSualainn Cobham Gaisler AB ar na bogearraí atá taobh thiar de na micrishliseanna sainiúla atá le húsáid ar mhisin spáis na hEorpa.

Bhronn an ESA €240,000 chomh maith ar Lárionad Taighde Comhábhar na hÉireann (IComp) ag an Institiúid Eolaíochta Ábhar & Dromchla (MSSI) le haghaidh tionscadal taighde nua ar ábhair spáis dar teideal 'Demisable Bio-Composite Materials'. Is é an Dr Walter Stanley, léachtóir i Roinn na hInnealtóireachta Meicniúla, Aerloingseoireachta agus Bithleighis agus i MSSI, atá i gceannas ar an tionscadal seo a mhairfidh 18 mí. Forbróidh an taighde bith-chomhábhar nua d'fheidhmchláir spáis laistigh de thionscnamh Spáis Ghlain an ESA. Cabhróidh taighde IComp ar Bhith-Chomhábhair Indíghrádaithe le hábhair nua a fhorbairt d'fheidhmchláir spáis. Cabhróidh sé sin leis na dúshláin don chomhshaol a bhaineann le spástaiscéalaíocht a laghdú agus bogadh i dtreo saolré ar féidir leanúint leis gan ach an tionchar is lú a bheith aige ar an gcomhshaol.

## Cumhacht agus fuinneamh neamhdhíobhálach don chomhshaol chun greille na hÉireann a chobhsú

I mí an Mhárta, d'oscail Ged Nash, TD, Aire Stáit ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta an chéad saoráid seirbhíse do chóras rotha lústair hibrideach atá nasctha leis an greille. Tá an córas á fhorbairt i gcomhar le Roinn na Fisice agus an Fhuinnimh in Ollscoil Luimnigh faoi stiúir an Ollaimh Noel Buckley agus an Dr Robert Lynch. Is ar cheallraí leictriceimiceacha le haghaidh fuinneamh a stóráil ar an mórchóir agus ar chobhsú na heangaí atá an fhoireann dírithe. Tá na teicneolaíochtaí seo ag éirí níos tábhachtaí le caitheamh ama mar go bhfuil an codán leictreachais atá á dhíorthú ó fhoinsí inathnuaite ag titim. Is iad an Roinn Fiontar agus Nuálaíochta agus an comhlacht Éireannach, Schwungrad Energie Ltd, atá taobh thiar den tionscnamh. Tá an tionscadal seo á chómhaoiniú trí Fhiontraíocht Éireann agus Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa. Áireofar leis buntaighde ar theicneolaíocht ceallraí, ar hibridiú ceallraí rotha lústair agus ar shamhaltú seirbhísí córais.

## The bright side of work

Tá níos mó ná €95,000 faighte ag an Dr Deirdre O'Shea i bhfoirm maoinithe ón gComhairle um Thaighde in Éirinn (IRC) dá tionscadal dar teideal 'The Bright Side of Work'. Is iad an tOllamh M. Gloria Gonzalez-Morales (Ollscoil Guelph), an tOllamh Dr Annekatrin Hoppe (Ollscoil Humboldt, Beirlín), an Dr Alexandra Michel (Ollscoil Heidelberg) agus an Dr Anna Steidle (Ollscoil Hohenheim) baill na foirne taighde.

## Feidhmchlár comhairle vótála d'fhothoghcháin

Is suíomh neamhbhrabúis 'WhichCandidate.ie', ar feidhmchlár comhairle vótála é atá forbartha ag an taighdeoir an Dr Rory Costello in Ollscoil Luimnigh agus atá á reáchtáil i gcomhar leis an Irish Times. Cabhraíonn sé le vótálaithe comparáid chórasach a dhéanamh idir iarrthóirí toghcháin. Iarradh ar gach iarrthóir a sheas sna fothoghcháin i mBaile Átha Cliath Thiar-Theas agus i Ros Comáin-Liatroim Theas na tuairimí a bhí acu ar raon leathan saincheisteanna a thabhairt le fios. Bhí vótálaithe in ann comparáid a dhéanamh ansin idir a dtuairimí féin agus tuairimí na n-iarrthóirí chun an mheaits is fearr a fháil dá roghanna féin. Cuirfear an córas seo a forbraíodh in Ollscoil Luimnigh chun feidhme ar bhonn náisiúnta don chéad olltoghchán eile.

## CultureLab Aonad Faisnéise Luimneach 2020

Agus iad ag feidhmiú i gcomhar le tairiscint Luimnigh do ghradam Phríomhchathair Chultúir na hEorpa 2020, chuir grúpa mac léinn agus léachtóirí as Luimneach stáisiún taighde idirdhisciplíneach ar bun i dTeach Ormston chun féachaint ar ról an chultúir sa chathair agus an ceangal atá aige le saol na ndaoine. D'úsáid an CultureLab smaointeoireacht deartha agus chruinnigh sé taighdeoirí agus mic léinn as disciplíní éagsúla le chéile chun dinimic an chultúir i Luimneach agus sa cheantar máguaird a chíoradh. Cuirfear torthaí taighde CultureLab an Aonaid Faisnéise (IU) i láthair go poiblí chun ligean don fhoireann aiseolas a fháil i ndáil lena gcuid taighde agus a smaointe. Tá CultureLab an Aonaid Faisnéise faoi stiúir Grainne Hassett (Scoil na hAiltireachta), Annmarie Ryan (Scoil Ghnó Kemmy), Stephen Kinsella (Scoil Ghnó Kemmy) agus Niamh Nic Ghabhann (Dámh Chruinne Éireann Rince agus Ceol). Tá gach duine acu ag obair go deonach leis an Aonad Faisnéise mar chuid den mhéid atá á dhéanamh ag Ollscoil Luimnigh chun tacú le próiseas tairisceana Luimneach 2020. Tá comhaltaí dáimhe i Scoil Ealaíne is Deartha Luimnigh (LSAD), Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh (LIT) agus Coláiste Mhuire gan Smál ag tacú leis an ngrúpa.

## Bithbhreoslaí ó sholas na gréine agus CO2

Tá foireann taighde as Ollscoil Luimnigh i mbun taighde ar bhealaí inathnuaite chun bithbhreoslaí a dhéanamh as bactéir chun eatánól a tháirgeadh mar bhithbhreosla. Tá innealtóireacht mheitibileach á déanamh ar bhactéir darbh ainm alga gormghlas chun go ndéanfar bithbhreoslaí díobh díreach ó sholas na gréine agus dé-ocsaíd charbóin mar aon le méideanna beaga micreachothaitheach a thagann ó bhreacsháile. Is cuid de thionscadal atá á mhaoiniú ag FP7 an tionscadal seo a dtugtar DEMA (Direct Ethanol from Microalgae) air agus tá sé á chomhordú ag an Dr Con Sheahan i Roinn na Déantúsaíochta & Deartha in Ollscoil Luimnigh. Tá Ollscoil Luimnigh i gcomhpháirtíocht le hOllscoil Cambridge, Ollscoil Amsterdam, Imperial College mar aon le líon comhpháirtithe tionscail a n-áirítear leo Photanol in Amsterdam, A4F agus LNEG sa Phortaingéil, agus Pervatech san Ísiltír. Tá grúpa an Dr Con Sheahan in Ollscoil Luimnigh i mbun samhaltaithe ar an anailís saolré agus i mbun optamaithe ar dhearadh an phróisis trí chéile.

## Athrú ó bhun le cur ar an gcaoi a gcaitear le pian droma

Tá taighdeoirí as Ollscoil Luimnigh ag cur athrú ó bhun ar an gcaoi a dtuigtear agus a gcaitear le pian droma agus le neamhoird mhatánchnámharlaigh eile. Tá cur chuige iomlánaíoch aitheanta acu a bhfuil idir diagnóis agus cóir leighis i gceist leis chomh maith le bheith ag imirt tionchair ar an bpolasaí sláinte poiblí. Tá Tionscnamh Triáise Matánchnámharlaigh Náisiúnta curtha ar bun ag an bhfoireann i gcomhpháirt le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) in 12 ospidéal de chuid FSS. Tá éirithe leis an tionscnamh seo liostaí feithimh in ospidéil a laghdú faoi 22,000 othar go nuige seo. Is beag rath a bhí ar iarrachtaí le breis agus scór bliain anuas pian ainsealach drama a chóireáil trí shuathaireacht, ionramháil, instealltaí agus obráidí. Níl éifeachtacht cógas chun siomptóim a bhainistiú thar mholadh beirte ach an oiread. Tá tionchar nach beag imrithe ag an taighde seo ar deireadh ar an tsláinte phoiblí trí liostaí feithimh ospidéil, obráidí agus cógais a laghdú agus bíonn an tsláinte níos fearr ag othair dá bharr.

## Máistir-ranganna san Eolaíocht Shíceolaíoch

D'éirigh leis an Ardán don Eolaíocht Shíceolaíoch in Ollscoil Luimnigh (PPS-UL) maoiniú a fháil ón bhFóram Náisiúnta um Fheabhsú Múinteoireachta agus Foghlama san Ardoideachas chun sraith máistir-ranganna a reáchtáil le béim ar mhodhanna taighde agus ar staitisticí. Ina measc siúd atá ar choiste stiúrtha PPS-UL, tá an Dr Eric Igou (Cathaoirleach, Síceolaíocht), an Dr Deirdre O'Shea (An Roinn Pearsanra and Caidrimh Fostaíochta), an Dr Mark Campbell agus an Dr Tadhg MacIntyre (arb as an Roinn Corpoideachais agus Eolaíochta Spóirt an bheirt acu).

## Tacaíocht d'aithreacha atá sa phríosún

Fuair an tOllamh Orla Muldoon maoiniú €9,500 ó Chomhairle Taighde na hÉireann chun dul i mbun oibre le hIontaobhas na hÉireann um Athchóiriú an Chórais Choiriúil agus an Tionscadal d'Fhorbairt an Linbh. Cabhróidh an maoiniú seo le forbairt idirghabhála a mbeidh sé d'aidhm aici tacú le haithreacha atá sa phríosún, agus lena dteaghlaigh. Thug an Tionscadal d'Fhorbairt an Linbh deontas dise agus don Dr Patrick Ryan chomh maith chun measúnú a dhéanamh ar an gClár Tuismitheoireachta Teaghlach agus Príosúnachta.

## Deontais taistil chun freastal ar phríomhshaotharlanna taighde ailse

Bronnadh deontais taistil ó ACEA Bioscience, a raibh luach níos mó ná €7,500 orthu, ar Chaitríona Dowling, ar mac léinn PhD sa tríú bliain i Roinn na nEolaíochtaí Beatha agus san Institiúid Eolaíochta Ábhar & Dromchla í. Chuir an maoiniú seo ar a cumas freastal ar chruinniú bliantúil an American Association for Cancer Research in Philadelphia. Bhronn Cumann Ailse na hÉireann deontas soghluaisteachta uirthi freisin chun an samhradh a chaitheamh ag an University of California, San Diego, agus í ag dul i mbun oibre i gceann de na saotharlanna taighde ailse is ceannródaíche ar domhan.

## Deontais Ghradam Charlemont Acadamh Ríoga na hÉireann

Tá deontais iomráiteacha Ghradam Charlemont 2015 bronnta ar thriúr taighdeoirí as Ollscoil Luimnigh dá dtionscadail taighde. Éascóidh na deontais sin cuairteanna idirnáisiúnta gearra do thaighdeoirí luathghairme sna heolaíochtaí, na daonnachtaí agus na heolaíochtaí sóisialta chun thabhairt faoi bhuntaighde agus/nó oiliúint. Áiríodh i measc na mbuaiteoirí an Dr Brendan Florio, taighdeoir iardhochtúireachta ag an gCuibhreannas Feidhmeanna Matamaitice don Eolaíocht agus Tionsclaíocht (MACSI) in Ollscoil Luimnigh; an Dr Karol Mullaney-Dignam, Roinn na Staire, Dámh na nDán, na nDaonnachtaí agus nEolaíochtaí Sóisialta; agus an Dr Klaas-Jan Stol, taighdeoir iardhochtúireachta le Lero.

## Diagnóisiú a dhéanamh níos cruinne agus níos saoire

Is féidir anois mionleibhéil víreas agus bactéar san fhuil a aithint a bhuíochas le tionscadal taighde in Ollscoil Luimnigh. D'fhéadfadh an taighde sin cabhrú le haithint luath galar a d'fhéadfadh a bheith marfach, leithéidí Ebola agus HIV, agus iad a chóireáil. Sheol an Dr Damien Thompson i Roinn na Fisice agus an Fhuinnimh in Ollscoil Luimnigh agus MSSI an tionscadal comhoibríoch seo dar teideal 'Nano-electrical Analysis of Single Molecules and Atomic-scale Materials at the Solid/Liquid Interface.' Thug an Dr Thompson faoin tionscadal i gcomhar le IMDEA Nanoscience, Maidrid agus IBM-Zurich. Foilsíodh torthaí an taighde in eagrán Dheireadh Fómhair den iris Nature Materials, an iris is mó cáil i measc irisí taighde san eolaíocht ábhar. Thug SFI maoiniú do thaighde an Dr Thompson mar chuid de Dheontas Taighdeora Tosaigh agus cuireadh ar a chumas tabhairt faoin taighde a bhuíochas leis na háiseanna ríomhaireachta ardfheidhmíochta in Ionad na hÉireann um Ríomhaireacht Ardleibhéil (ICHEC).

## Ailtirí i mbun feabhais

Bhí an Dr Sheila Killian ina ball de chuibhreannas ar bhronn an Economic and Social Research Council sa Ríocht Aontaithe £45,000 air le haghaidh sraith seimineár taighde dar teideal 'Architects for a Better World: Business School Responses to the Post 2015 Business Engagement Architecture'.

## Future artist maker labs

Fuair FabLab Luimnigh, ar cuid de Scoil na hAiltireachta é, mar aon le FabLab Thuaisceart Éireann agus Ultralab i Maidrid maoiniú ó Shnáth Comhthionscadal de chuid Eoraip na Cruthaitheachta as a dtionscadal dar teideal 'Future Artist-Maker Labs'. Cothóidh Future Artist-Maker Labs cumhacht chruthaitheach na dtrí FabLab ceannais i nDoire, Luimneach agus Maidrid i gclár idirnáisiúnta a bhfuil sé d'aidhm aige cur le hacmhainn na n-ealaíontóirí/na ndéantóirí ina n-earnáil féin chun go mbeidh siad in ann feidhmiú go hidirnáisiúnta agus chun soghluaisteacht ealaíontóirí agus déantóirí, agus a saothair, a chumasú.

## Deontais New Foundations Chomhairle Taighde na hÉireann

Bronnadh deontais New Foundations ó Chomhairle Taighde na hÉireann ar thaighdeoirí éagsúla as Ollscoil Luimnigh:

- Bronnadh níos mó ná €9,000 ar an Dr Aoife Neary dá tionscadal taighde dar teideal 'Exploring the Implementation of Policies and Resources Related to Homophobia and Transphobia in Primary Schools'. Thug an Dr Neary faoin tionscadal i gcomhpháirtíocht le Gréasán Náisiúnta Comhionannais na Hómaighnéasach agus na Leispiach (GLEN). Bhronn an Fóram Náisiúnta um Fheabhsú Múinteoireachta agus Foghlama maoiniú ar an Dr Neary chomh maith chun seimineár a eagrú mar chuid dá sraith 'Transitions' in 2014/15. Reáchtáladh 'Queer Transitions: Preparing Students for the Complexities of Gender and Sexualities in Future Workplaces' i mí na Samhna anuraidh.
- Fuair Elaine Kinsella deontas dá tionscadal dar teideal 'Better Together: A Joined-Up Psychological Approach to Health, Well-Being and Rehabilitation'. Tá sí ag obair i gcomhpháirt leis an Ollamh Orla Muldoon, Ollscoil Luimnigh, an tOllamh Donal Fortune, Ollscoil Luimnigh agus le Acquired Brain Injury, Ireland.
- Bronnadh deontas ar an Dr Richard Kirwan chun an bealach a réiteach le hIonad Nualéinn Luaith a bhunú i Luimneach, mar chomhfhiontar idir Coláiste Mhuire gan Smál (MIC) agus Ollscoil Luimnigh. I measc na ngníomhaíochtaí a mbeifear ag tacú leo, áirítear ceardlann ina dtiocfaidh scoláirí a bhíonn ag plé leis an nua-aois luath as Ollscoil Luimnigh agus MIC le chéile chun téamaí taighde coiteanna agus clár oibre a leagan amach mar aon le siompóisiam ar thaighde comhoibríoch i léann na nua-aoise luaithe.
- Bronnadh €3,190 ar an Dr Michaela Schrage-Frueh, Scoil na Nuatheangacha agus na Teangeolaíochta Feidhmí. Is do chomhdháil idirnáisiúnta/idirdhisciplíneach dar teideal "Women and Ageing: New Cultural and Critical Perspectives" an maoiniú agus beidh an Dr Maggie O'Neill agus an Dr Cathy McGlynn i mbun a heagraithe freisin.



*An Dr Damien Thompson*

# GRADAIM THAIGHDE

## Gradam Gnóthachtála NATO don Eolaíocht

Bhuaigh an Dr Kyriakos Kourousis, Léachtóir Sinsearach agus Stiúrthóir an Chúrsa i gCothabháil Aerárthach agus Innealtóireacht Aeracmhainneachta, gradam Eagraíocht Eolaíochta agus Teicneolaíochta NATO 'Gnóthachtáil Eolaíochta 2014' as an obair a rinne sé ar an tionscadal 'Qualification and Structural Design Guidelines for Military UAVs'. Baineadh úsáid dhíreach agus láithreach laistigh de NATO agus náisiúin NATO as torthaí taighde an Dr Kourousis agus bhaill eile foirne an ghrúpa. Cháiligh a bhfréamhshamhail aerfheithicle gan foireann (UAV), mar shampla, do thástáil eitilte le Roinn Cosanta na Fraince agus ghlac Bainisteoir Cláir Sláine Struchtúrtha Aerfhórsa Mheiriceá léi. Is í an Eagraíocht Eolaíochta agus Teicneolaíochta an eagraíocht eolaíochta agus teicneolaíochta cosanta is mó in NATO, agus cuimsítear léi gréasán a bhfuil níos mó ná 3,000 eolaí agus innealtóir ag obair ann, agus taighde comhoibríoch agus malartú faisnéise ar siúl acu i réimse an taighde cosanta trí chéile. Is é an grúpa taighde dá leithéid is mó ar domhan é.



An Droichead Beo

## Gradam Google Rise

Fógraíodh go bhfuil Lero, Lárionad Taighde Bogearraí na hÉireann, ar cheann de bhuaiteoirí domhanda Ghradaim Google RISE 2015. Is é an aidhm atá ag an gclár RISE tacú le heagraíochtaí a thugann spreagadh do chailíní agus do ghrúpaí mac léinn faoi ghannionadaíocht páirt a ghlacadh i gcláir ríomheolaíochta sheach-churaclaim. Úsáidfear an ciste duaise $17,000 chun campaí samhraidh ríomhaireachta a chur chun cinn agus a eagrú in Ollscoil Luimnigh a bheidh dírithe go sonrach ar dhaltaí iarbhunscoile ar cailíní iad atá 14 bliana nó níos sine. Tá tacaíocht á fáil ag Lero ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus taighde bogearraí comhoibríoch an speisialtóireacht atá aige. Bhí ról nach beag ag clár de chuid Lero dar teideal Scratch ag spreagadh daltaí bunscoile le tuilleadh a fhoghlaim faoi ríomhaireacht, agus is é Lero a bhí i gceannas ar chúrsa ríomhaireachta do scoileanna atá le tabhairt isteach i gcuraclam an Teastais Shóisearaigh a fhorbairt.




Lero – Foirgneamh Tierney

## Gradam Thionscal na Cógaisíochta

Bronnadh an gradam 'Comhghuaillíocht Comhpháirtíochta na Bliana' ar an Ionad Cógaisíochta Staide Soladaí & Sintéise (SSPC) atá lonnaithe san Institiúid Eolaíochta Ábhar & Dromchla (MSSI) ag Gradaim an Tionscail Cógaisíochta 2014. Thug an gradam aitheantas don na comhfhiontair náisiúnta agus idirnáisiúnta den scoth a bhfuil sé páirteach iontu idir earnáil na tionsclaíochta agus an saol acadúil, laistigh den earnáil thionsclaíoch agus laistigh den saol acadúil. Áiríodh leo sin a chomhpháirtithe tionscail, eagraíochtaí a bhíonn i mbun taighde agus comhoibrithe acadúla idirnáisiúnta laistigh den earnáil cógaisíochta. Cuireadh an SSPC ar an ngearrliosta freisin don Mhórghradam Sármhaitheasa Cógaisíochta.

## Gradam Sármhaitheasa Taighde Ollscoil Luimnigh

Is é an tOllamh David Meagher a bhain Gradam Sármhaitheasa Taighde Ollscoil Luimnigh 2014. Tá David ina Ollamh le Síciatracht i Scoil Leighis Iontrála Iarchéime na hOllscoile agus is é a bhunaigh an Grúpa Taighde Lagaithe Chognaíoch (CIRG) atá dírithe ar fhadhbanna cognaíocha i ndaonraí breoite agus a bhaineann úsáid faoi leith as teicneolaíochtaí úrnua braite agus bainistíochta. Tá cáil idirnáisiúnta air as an taighde atá déanta aige ar rámhaille agus tá sé ar dhuine den chúigear is mó ar domhan a bhfuil páipéir foilsithe acu faoin ábhar seo le cúig bliana anuas.



An tOllamh David Meagher

## Gradam Scothsheirbhíse d'Innealtóireacht Bogearraí

Bhuaigh an tOllamh Bashar Nuseibeh Gradam Scothsheirbhíse Shainghrúpa Innealtóireachta Bogearraí an ACM. Bronnadh an gradam air i mí na Bealtaine ag an 37ú Comhdháil Idirnáisiúnta Innealtóireachta Bogearraí i bhFlórans, an Iodáil.

## Gnóthachtálacha an Chuibhreannais Feidhmeanna Matamaitice don Eolaíocht agus Tionsclaíocht (MACSI)

Cuireadh comhfhiontar MACSI le Rusal Aughinish Alumina agus le Radu Cimpeanu ón Imperial College ar an ngearrliosta do Ghradam Saotharlainne 2014 faoin gcatagóir 'Gnóthachtáil Comhoibrithe'. Cuireadh tús leis an tionscadal ag ceardlann réitigh fadhbanna Ghrúpa Staidéir Eorpaigh MACSI leis an earnáil thionsclaíoch in 2013. Foilsíodh páipéar bunaithe ar na torthaí sin in Simulation Modelling Practice and Theory.

Roghnaíodh MACSI freisin chun ionadaíocht a dhéanamh ar son na hÉireann mar chuid de EU-Maths-IN, ar tionscnamh Eorpach nua é chun borradh a chur faoin matamaitic don earnáil thionsclaíoch san Eoraip.

## Gradam Scothsheirbhíse an Chumainn Innealra Ríomhaireachta

Bhain Lero Gradam Scothsheirbhíse 2015 le gairid ón gCumann Innealra Ríomhaireachta (ACM) atá lonnaithe i Stáit Aontaithe Mheiriceá, arb é an cumann ríomhaireachta oideachais agus eolaíochta is mó ar domhan é agus a bhfuil níos mó ná 100,000 ball ó earnáil na tionsclaíochta, ón saol acadúil agus ó institiúidí rialtais ar fud an domhain páirteach ann.

# FIONTRAÍOCHT

## An Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht

I mí na Nollag, ghlac Ollscoil Luimnigh ballraíocht sa Phobal Eolais agus Nuálaíochta Amhábhar (KIC), comhpháirtíocht de chuid na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT), a bhfuil sé i gceist leis go gcruthófaí níos mó ná 10,000 post san Eoraip as seo go ceann seacht mbliana. Tá trí phríomh-chomhpháirtí as Éirinn sa chomhpháirtíocht, is iad sin Ollscoil Luimnigh, Rusal Aughinish Alumina (AAL) agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Is éard is KIC ann comhpháirtíocht chomhtháite chruthaitheach atá dírithe ar shárchaighdeáin a bhaint amach agus a dhéanann ceangal idir an t-oideachas, an teicneolaíocht, an taighde, gnó agus fiontraíocht ar mhaithe le nuálaíochtaí agus samhlacha nuálaíochta a thabharfaidh inspioráid do dhaoine a chruthú. Tá buiséad os cionn €800 milliún ag an KIC Amhábhar agus tá sé ag díriú ar riachtanais na hEorpa maidir le hábhair thábhachtacha a sholáthar d'earnáil na déantúsaíochta agus don earnáil TFC. Bíonn ionaid taighde Ollscoil Luimnigh, an Institiúid Eolaíochta Ábhar agus Dromchla san áireamh, ag cur le gníomhaíochtaí taighde an KIC a bhaineann le forbairt ábhar, comhábhair agus optamú próisis. Bíonn Ollscoil Luimnigh páirteach i dtionscadail agus i dtionscnaimh ar scála mór le comhpháirtithe an KIC. San Ollscoil atá ceann de na Comhpháirtíochtaí Nuálaíochta Amhábhar Eorpacha is mó agus is comhtháite lonnaithe, ceann ina mbítear ag díriú ar Thaighde agus Forbairt i spás próiseála an alúmanaim agus an alúmana. Tá Ollscoil Luimnigh ar cheann de na dreamanna is mó a bhíonn ag plé leis an ardán Ifoster platform a chuidíonn le heagraíochtaí Éireannacha a bheith páirteach i gcuibhreannais de chuid an AE.

## An Clár Studio to Street

D'fhreastail an Dr William Lee, Léachtóir le Matamaitic agus Staitisticí, agus an Dr Joanna Jordan, Ollscoil Bath, ar chlár ocht mí 'Studio to Street' in Ionad Nexus Ollscoil Luimnigh chun na scileanna fiontraíochta a fhoghlaim a bhíonn de dhíth le comhairleoireacht samhaltaithe matamaitice a bhunú. I gcomhar leis an Oifig don Aistriú Teicneolaíochta, bhunaigh siad Aonad Matamaitice Tionsclaíche Ollscoil Luimnigh le seirbhísí comhairleoireachta samhaltaithe matamaitice a chur ar fáil don tionscal. Is é an aidhm atá leis seo taighde comhoibritheach matabhunaithe a éascú idir an tionscal agus an saol acadúil agus a chur ar chumas an tionscail cur le háiseanna inmheánacha matamaitice de réir mar a bheidh gá leo. Tá an chéad chomhairleoir de chuid an Aonaid, an Dr Kevin Burke, ag obair faoi láthair ar fhadhbanna samhaltaithe matamaitice do thionscal an iompair agus do thionscal na cógaisíochta.

## Sraith Ceardlann faoi Mhaoin Intleachtúil

D'fhógair Ollscoil Luimnigh go rabhthas ag seoladh an Chaifé IP i mí Lúnasa. Is sraith de 13 cheardlann atá i gceist anseo ina dtéitear i ngleic le gnéithe tráchtála a bhaineann le Maoin Intleachtúil (IP) amhail saincheisteanna faoi chosaint paitinní agus trádmharcanna idirnáisiúnta. Is iad na smaointe agus na coincheapa nuálaíocha ar a bhfuil táirgí agus seirbhísí an chomhlachta bunaithe príomhshócmhainní na gcomhlachtaí dlúth-theicneolaíochta. Tá Ollscoil Luimnigh ag obair faoi láthair ar bhealaí a chuirfeadh ar chumas comhlachtaí bainistiú níos fearr a dhéanamh ar shócmhainní intleachtúla trína ngníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta. I measc na gcainteoirí a bhí i láthair ag an tsraith ceardlanna agus ócáidí líonraithe seo a bhí saor in aisce bhí cainteoirí ó chomhlacht Arthur Cox, Oifig na bPaitinní, Ollscoil New Hampshire, Ollscoil Maine, Dlíodóirí William Fry, Tomkins IP agus Ollscoil Luimnigh. An Grúpa Taighde ar an Dlí Tráchtála agus Eacnamaíoch Idirnáisiúnta in Ollscoil Luimnigh a d'eagraigh na ceardlanna.

# RANNPHÁIRTÍOCHT SA PHOBAL

## Our City Our Culture

Seoladh tionscadal Our City Our Culture i mí Aibreáin. Is comhthionscnamh é seo atá faoi stiúir Mac Léinn Ardoideachais in Ollscoil Luimnigh, Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh agus Coláiste Mhuire Gan Smál. Is í an tOifigeach Teagmhála Pobail in Ollscoil Luimnigh, Gabriella Hanrahan, a dhéanann comhordú air. Is é an príomhchuspóir atá aige go mbeadh Cathair Luimnigh aitheanta mar chathair bhríomhar ilchultúrtha do mhic léinn.

## An tríú hOspidéal do Bhéiríní bliantúil in Ollscoil Luimnigh

I mí an Mhárta, d'eagraigh mic léinn Scoil an Leighis in Ollscoil Luimnigh Ospidéal do Bhéiríní den tríú bliain as a chéile agus d'fhreastail níos mó ná 400 dalta scoile agus a gcuid béiríní ó shé scoil éagsúla i Luimneach air. Eagraítear an t-imeacht chun nach mbeidh eagla ar pháistí roimh ionaid leighis, roimh chóir leighis a fháil agus roimh lucht leighis. Ghlac níos mó ná 130 mac léinn ón gcéad bhliain agus ón dara bliain páirt san imeacht. Cuireadh 10 stáisiún leighis in Airéine na hOllscoile ina rabhthas ag díriú ar ghnéithe éagsúla amhail Triáis, Steiteascóip, Comharthaí Beatha agus Sábháilteacht Vacsaíní, X-ghathanna, Aclaíocht, Máinliacht/Gléasadh Gúnaí, Asma, Sábháilteacht, Garchabhair, Tinnis Cluaise, Sróine agus Scornaí agus Bia Sláintiúil. Bhí béim ar shaol sláintiúil a chaitheamh agus ar leigheas coisctheach ag an imeacht oideachasúil agus spraíúil seo. Ar na hábhair a pléadh bhí an tábhacht a bhaineann le haclaíocht rialta, teicnící chun na lámha a ní i gceart agus aiste bia shláintiúil. Táthar ag súil chomh maith go neartóidh an tionscnamh seo an caidreamh idir Scoil Leighis Iontrála Iarchéime Ollscoil Luimnigh, a cuid mac léinn agus an pobal máguaird.

## Tionscadal Comhpháirtíochta do Chothromas Sláinte GEMS

Le ceiliúradh a dhéanamh ar bhliain a bheith caite i mbun oibre ag Comhpháirtíocht do Chothromas Sláinte na Scoile Leighis Iontrála Iarchéime (GEMS), tháinig an tAire Oideachais agus Scileanna, Jan O'Sullivan TD, ar cuairt. Is é an Dr Patrick O'Donnell ó GEMS atá ag reáchtáil an tionscadail, agus is éard atá ann clinic cúraim sláinte píolótach do ghrúpaí atá ar an imeall i gcathair Luimnigh. Tugann an clinic deis do ghrúpaí atá ar an imeall fáil níos éasca a bheith acu ar chúram sláinte príomhúil. Tá sé dírithe ar ghrúpaí amhail daoine gan dídean, úsáideoirí drugaí, imircigh agus daoine eile a bhféadfadh deacracht a bheith acu teacht ar sheirbhísí cúraim phríomhúil sa chathair. An Chomhpháirtíocht do Chothromas Sláinte (PHE) a bhunaigh an scéim. Is comhfhiontar an PHE idir cliniceoirí, oideachasóirí leighis, eolaithe sóisialta agus lucht déanta agus pleanála polasaí cúraim sláinte. Tá Ollscoil Luimnigh ag déanamh cómhaoiniú ar an PHE agus tá ceangal aige le hobair an Ollaimh Anne MacFarlane ó GEMS, Clár Oiliúna Dochtúireachta Teaghlaigh Thuaisceart Bhaile Átha Cliath agus Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte (Ionchuimsiú Sóisialta agus Seirbhísí Cúraim Phríomhúil). Tá an clinic i ndiaidh freastal ar os cionn 200 othar le 12 mhí anuas, agus bhí sí ag díriú go háirithe ar dhaoine atá gan dídean agus/nó daoine ar andúiligh drugaí iad.



*(Ó chlé) Sarah O'Halloran, Billy Chan agus Melissa Shack*

# TUILLEADH RANNPHÁIRTÍOCHTA SA PHOBAL
2014 / 2015

## Cúrsaí iarscoile do dhaltaí bunscoile
Bhí páistí bunscoile idir 10 agus 12 bhliain d'aois ó cheantair ar beag duine a fhreastalaíonn ar an gcoláiste iontu de ghnáth páirteach i gcúrsaí a reáchtáil Ionad na Gnóthachtála Acadúla (CAA) i Scoil Ghnó Kemmy (KBS). Cuireann an CAA cúrsaí iarscoile acadúla ar fáil in ábhair amhail an eolaíocht fhóiréinseach, an leigheas, bolcáin agus creathanna talún, agus cartúin agus léaráidí. Tá sé mar aidhm leis an tionscadal mhic léinn nach smaoineodh ar an ollscoil mar rogha ina saol amach anseo a spreagadh le barr a gcumais a bhaint amach agus leanúint dá gcuid oideachais. Is í Roinn na hEacnamaíochta i Scoil Ghnó Kemmy, i gcomhar le hIonad na nÓgánach Cumasach in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, a eagraíonn an clár le tacaíocht ón Walt Disney Corporation.

## Comórtas Náisiúnta Fásta Criostal
I mbliana, reáchtáil an tIonad Cógaisíochta Staide Soladaí agus Sintéise (SSPC) a chéad Chomórtas Náisiúnta Fásta Criostal. Bhí páistí bunscoile agus meánscoile as gach cearn den tír ábalta cur isteach ar an gcomórtas. Cuireadh tréithe amhail géire na gcriostaléadan agus soiléire agus méid an chriostail san áireamh sa phróiseas moltóireachta, gnéithe a bhfuil tábhacht leo le rialú a dhéanamh ar fhás an chriostail nuair a bhítear ag déanamh cógas leighis. Coinneofar na criostail a cuireadh faoi bhráid Chomórtas Náisiúnta Fásta Criostal an SSPC ar taispeáint ag ceanncheathrú an SSPC in Ollscoil Luimnigh.

## Pionta Eolaíochta
I rith na bliana, ghlac Ollscoil Luimnigh páirt den chéad uair in imeachtaí an Phionta Eolaíochta, imeachtaí a bhí á n-eagrú in 50 cathair eile in ocht dtír ar fud an domhain cheana féin. Is é aidhm an Phionta Eolaíochta cainteanna faoin eolaíocht a thabhairt ar bhealach spraíúil, mealltach agus éasca, agus cuireadh a thabhairt do dhaoine suí siar, deoch a bheith acu, cluas a thabhairt don eolaí atá ag déanamh cur i láthair agus ceisteanna a chur air nó uirthi... agus pionta ina láimh acu. Ba sa Lock Bar agus sa White House Bar i lár Chathair Luimnigh a eagraíodh Pionta Eolaíochta Luimnigh. Ba í Ollscoil Luimnigh a d'eagraigh imeacht Luimnigh agus bhí léachtóirí agus taighdeoirí na hOllscoile i lár an aonaigh ag tabhairt cainteanna faoi chúrsaí Sláinte, cúrsaí Comhshaoil agus cúrsaí Teicneolaíochta. I measc theidil a gcuid cainteanna bhí 'Computers dreaming of electric music', 'Brains R Us', 'Health's contribution to the health of the Irish economy', 'Bringing Maths Eyes to the masses' agus 'Flying to the moon'. I ndiaidh na gcainteanna, bhí an painéal i mbun plé oscailte agus ag freagairt ceisteanna ón lucht féachana. Is iad Dámh an Oideachais agus na nEolaíochtaí Sláinte, Dámh na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta, Lero, SSPC, MSSI, MACSI agus IComp a eagraíonn agus a dhéanann urraíocht ar Phionta Eolaíochta Luimnigh.

## Taispeántas Eolaí Óg BT
Rinne gach Roinn acadúil i nDámh na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta agus sa Chuibhreannas Feidhmeanna Matamaitice don Eolaíocht agus Tionsclaíocht (MACSI) ionadaíocht ar Ollscoil Luimnigh ag Taispeántas Eolaí Óg 2015. Bhí ionadaithe ó Roinn na Síceolaíochta i láthair ag seastán Chumann Síceolaíochta na hÉireann.

Thug Roinn na nEolaíochtaí Beatha agus Roinn na nEolaíochtaí Ceimiceacha agus Comhshaoil cuidiú do scoileanna éagsúla, agus orthu sin bhí Scoil Mhuire, Inis Díomáin, a bhuaigh duais i gcatagóir na hEolaíochta Bithí. Bronnadh scoláireachtaí ar na buaiteoirí i ndeich gcatagóir de chuid Thaispeántas an Eolaí Óig le freastal ar Champa Eolaíochta agus Innealtóireachta Ollscoil Luimnigh i mí an Mheithimh.

## Comhdháil faoi Bhainistiú Tionscadal san Earnáil Neamhbhrabúis
D'eagraigh Ionad Bainistíochta Tionscadal Scoil Ghnó Kemmy a chéad Chomhdháil Idirnáisiúnta ar Bhainistiú Tionscadal san Earnáil Neamhbhrabúis. Thug téama na comhdhála, 'Delivering Social Good', lucht acadúil agus cleachtóirí le chéile lena ndearcadh ar na dúshláin agus na deiseanna atá roimh an earnáil neamhbhrabúis a phlé. Ba iad príomhchuspóirí na comhdhála gréasán de lucht acadúil agus de chleachtóirí bainistíochta tionscadail atá ag obair san earnáil a thabhairt le chéile, plé a dhéanamh faoi bhealaí a bhféadfadh comhfhiontair thrasearnála cuidiú le heagraíochtaí neamhbhrabúis a gcuid aidhmeanna a bhaint amach agus deiseanna comhoibrithe a fhorbairt idir cleachtóirí agus lucht acadúil sa todhchaí.

## Taispeántas Design@UL
Mar chuid de Bhliain na hÉireann don Dearadh 2015, seoladh Taispeántas Iarchéime Design@UL i mí na Bealtaine le haird a tharraingt ar a bhfuil déanta ag Ollscoil Luimnigh ar mhaithe le tionscal na dearthóireachta in Éirinn. Bhí saothar ar taispeáint ó mhic léinn atá sa bhliain deiridh dá gcéim le hAiltireacht, Dearadh Táirge agus Teicneolaíocht, Dearadh Meán Digiteach, Innealtóireacht Shibhialta agus Oideachas Teicneolaíochta. Bhí an obair le feiceáil ar dhá urlár den Fablab agus in aonaid mhiondíola fholmha ar Shráid Rutland i gCathair Luimnigh. I measc na nithe a bhí sa taispeántas bhí líníochtaí, fréamhshamhlacha, samhlacha, léirshamhluithe, teilgin, grianghraif, feidhmchláir, téacsanna agus leabhair sceitseála.

## Open House Luimnigh
Chuir beirt chomhaltaí foirne ó Scoil na hAiltireachta, Declan Feeney agus Morgan Flynn, i gcomhar leis na hailtirí áitiúla Senan Killeen, Niki McMahon agus Eleanor Moloney, dhá thionscadal i láthair mar chuid de 'Open House Luimnigh' i mí Dheireadh Fómhair. Is éard a bhí sa chéad cheann, dar teideal 'Mortuary Mosaic', líníochtaí an-mhionsonraithe den mhaisiú inmheánach ilchasta mósáice atá i séipéal na marbhlainne a tógadh i stíl na hAthbheochana Gotaí i Reilig Chnocán San Labhrás, Cathair Luimnigh. Mionsamhail ar scála 1:50 a bhí sa dara tionscadal, 'Beta-Block', de bhloc amháin de cheantar Seoirseach Bhaile Nua Pheire i gCathair Luimnigh, ina raibh macasamhail sráideanna, cineálacha tí agus lánaí eachlainne tipiciúla agus a raibh sé mar aidhm leis comhrá agus comhdhearcadh a spreagadh faoin mbealach a bhféadfaí an ceantar caomhnaithe ailtireachta seo de chuid an 18ú haois a chur in oiriúint agus a athfhorbairt don 21ú haois. Thacaigh Cathair Chultúir Luimnigh leis an dá thionscadal seo.

Ghlac an Dr Niamh Nic Ghabhann (Stiúrthóir an Chúrsa MA in Ealaíona Féiltiúla, Dámh Chruinne Éireann) páirt i dtionscadal dar teideal 'Waking St Munchin', mar chuid de Open House Luimnigh. Dhírigh an tionscadal ar chuimhní an phobail ar mhallacht Mhainchín, ar bhailiúchán eitneaghrafach agus athinsint na scéalta seo agus ar úsáid dheasghnátha catairseacha na hamhránaíochta, an cheoil agus an taibhléirithe chun an mhallacht seo a dhíbirt.

## Taispeántas My City My Home
Tugadh cuireadh do Scoil na hAiltireachta a 'Mapa Dubh de chuid Aonad Faisnéise SAUL 2009' a chur ar taispeáint mar chuid den Taispeántas My City My Home, atá ar siúl go fóill i Músaem Hunt. Osclaíodh an taispeántas go hoifigiúil i mí na Samhna.

## FabLab ag féile na Picnice Leictrí
Thug Global Green cuireadh do FabLab Luimnigh páirt a ghlacadh sa Phicnic Leictreach. Bhí suiteán acu ann chun priontáil 3D a thaispeáint don phobal.

# RANNPHÁIRTÍOCHT DHOMHANDA

## Naisc idir Ollscoil Luimnigh agus SAM

Tharla roinnt gníomhartha agus imeachtaí a neartaigh na naisc idir Ollscoil Luimnigh agus SAM:

- Sheol an Ollscoil Scoláireacht Ollscoil Luimnigh – Generation Study Abroad (GSA) go foirmiúil le linn an tsamhraidh. Is tionscnamh cúig bliana é GSA de chuid na hInstitiúide Oideachais Idirnáisiúnta (IIE) chun acmhainní a úsáid agus gealltanais a fháil agus é mar sprioc líon na mac léinn Meiriceánach atá i mbun staidéir thar lear a mhéadú faoi dhó faoin mbliain 2020. Reáchtálfar an tionscnamh ag an am céanna le comóradh céad bliain IIE in 2019 agus tarraingeoidh sé aird ar thiomantas IIE staidéar thar lear a chur chun cinn. Spreagfaidh an tionscnamh gníomh sainithe nuálach chun níos mó Meiriceánach a mhealladh chun taithí idirnáisiúnta fhiúntach a fháil trí chláir acadúla staidéir thar lear a dhéanamh, chomh maith le hintéirneachtaí, foghlaim sheirbhíse, agus eispéiris oideachasúla nach bhfuil aon chreidiúint ag dul leo.
- Shínigh an tOllamh Don Barry, Uachtarán Ollscoil Luimnigh agus Winston E Langley, Propast agus Leas-Seansailéir do Ghnóthaí Acadúla, Ollscoil Massachusetts Boston (UMass Boston) meabhrán tuisceana ar Lá Fhéile Pádraig chun cláir chomhoibríocha idir UMass Boston agus Ollscoil Luimnigh a sheoladh go foirmiúil. Cuirfidh an chomhpháirtíocht le soghluaisteacht mac léinn, na foirne teagaisc agus ball foirne go ginearálta; le forbairt comhthionscadal taighde agus léinn; agus le rannpháirtíocht agus idirghníomhaíocht ghníomhach leis na hearnálacha poiblí agus príobháideacha i mBostún agus i Luimneach.
- Tá cúig Scoláireacht Rochtana nua in Ollscoil Luimnigh bunaithe ag an gComhpháirtíocht Éireannach Meiriceánach, ar fiú $2,000 an ceann iad. Beidh na scoláireachtaí ar fáil do mhic léinn a thagann isteach faoi Chlár Rochtana na hOllscoile. Tugann an Oifig Rochtana san Ollscoil tacaíocht agus spreagadh do dhaoine óga a bhíonn faoi ghannionadaíocht ag leibhéal an ardoideachais de ghnáth.
- Shínigh Scoil Leighis Iontrála Iarchéime na hOllscoile meabhrán tuisceana le Scoil Leighis Robert Wood, Rutgers, Ollscoil Stáit New Jersey. Éascófar malartú fochéimithe agus iarchéimithe faoin gcomhaontú seo agus déanfar comhoibriú taighde idir an dá institiúid a fhorbairt. Tógann an comhaontú ar chaidreamh a tionscnaíodh roimhe seo idir Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus Cathair New Brunswick. Is comhchathracha iad Luimneach agus New Brunswick, atá nasctha le heitilt dhíreach laethúil idir aerfort na Sionainne agus aerfort Newark. Ba iad Eugene Griffin ó Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus an tOllamh Bill Shannon, Stiúrthóir don Chaidreamh Idirnáisiúnta sa Scoil Leighis Iontrála Iarchéime in Ollscoil Luimnigh a rinne tromlach na hoibre ar an meabhrán tuisceana seo.
- Rinne foireann teagaisc agus mic léinn ón gclár Innealtóireachta Aeraspáis in Institiúid Teicneolaíochta Georgia seimeastar samhraidh Staidéar thar Sáile in Ollscoil Luimnigh. Ba é an Dr Philip Griffin ó Roinn na hInnealtóireachta Meicniúla, Aerloingseoireachta agus Bithleighis a d'eagraigh an seimeastar. Ghlac níos mó ná 30 mac léinn páirt sa chlár. I measc na modúl a bhí ar fáil i mbliana bhí Aeraidinimic Ardluais, Feidhmíocht Feithiclí Aeraspáis, Dinimic agus Rialú Córais, Dinimic Eitilte Aerárthaí agus Spásárthaí.

## Naisc idir Ollscoil Luimnigh agus an tSín

I mí na Bealtaine chuir Scoil an Dlí fáilte roimh roinnt toscairí ó Ollscoil Sichuan, an tSín. Shínigh Ollscoil Luimnigh agus Ollscoil Sichuan meabhrán tuisceana chun cláir chomhoibríocha idir an dá ollscoil a sheoladh go foirmiúil. Déantar tagairt faoi leith sa mheabhrán tuisceana do chomhchlár nua dlí, an 3+1. Faoin gclár nua seo, nach bhfuil ar fáil ach i Scoil an Dlí, Ollscoil Luimnigh, beidh cead ag mic léinn ó Ollscoil Sichuan aistriú chuig Ollscoil Luimnigh chun a gcuid staidéir fochéime/iarchéime a dhéanamh. Bhí tairbhe an chomhoibrithe seo le feiceáil le linn an tsamhraidh nuair a thaistil 10 mac léinn ó Scoil an Dlí, i dteannta an Dr Kathryn O'Sullivan, go hOllscoil Sichuan chun páirt a ghlacadh i dTumchlár na hOllscoile. Thug na mic léinn ó Ollscoil Luimnigh faoi dhá chúrsa dlí le linn an ama a chaith said sa tSín agus ghlac siad páirt i roinnt comórtais acadúla.
Chomh maith leis sin, ghlac Ollscoil Luimnigh páirt sa mhisean oideachais seachtaine go Béising agus Shang-hai i mí Aibreáin. Ba í an tAire Oideachais agus Scileanna, Jan O'Sullivan TD, a bhí mar cheannaire ar an misean sin. Le linn na cuairte shínigh Ollscoil Luimnigh meabhrán tuisceana nua le ACCA na Síne agus seoladh bealach iarratais sonrach do mhic léinn ACCA ó mhór-roinn na Síne chun iarratas ar chéim mháistreachta a chur isteach.



*An Droichead Beo*

# TUILLEADH RANNPHÁIRTÍOCHTA DOMHANDA 2014 / 2015

## Na 36ú Cluichí Sláinte agus Leighis Domhanda

D'eagraigh Ollscoil Luimnigh na 36ú Cluichí Sláinte agus Leighis Domhanda. Bhí rannpháirtithe ón Eoraip, Ceanada, Stáit Aontaithe Mheiriceá, Maracó agus an tSeapáin páirteach sna cluichí. Bhí trí-atlain, leathmharatóin, rás rothaíochta bóthair 100km, comórtais ghailf agus leadóige agus imeachtaí snámha agus eitpheile i measc na gcineálacha spóirt a eagraíodh mar chuid den ócáid. D'eagraigh Scoil Leighis Iontrála Iarchéime Ollscoil Luimnigh siompóisiam idirnáisiúnta dhá lá le linn na gCluichí faoi thábhacht na sláinte i gcúrsaí spóirt. Ní fhéadfaí na Cluichí a eagrú gan na gníomhaireachtaí stáit Fáilte Ireland agus Biúró Spóirt agus Comhdhála na Sionainne a bheith ag obair i gcomhar le chéile agus le hOllscoil Luimnigh, le tacaíocht ó Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh.

## Comhdháil Amhrán Agóidíochta Sóisialta

Eagraíodh comhdháil mhór idirnáisiúnta trí lá, 'Amhráin Agóidíochta Sóisialta', in Ollscoil Luimnigh i mí Aibreáin agus d'fhreastail 100 toscaire ó 20 tír éagsúil uirthi. Bhí deis ag toscairí éisteacht le páipéir faoi raon leathan seánraí ceoil agus faoi agóidí a tharla le gairid, leithéidí Earrach na nArabach, Pussy Riot agus agóidí na gCoirdíneach sa Tuirc. Ba é Damien Dempsey aoi-thaibheoir na comhdhála. Mar chuid den seisiún dar teideal 'England's Dreaming', léigh an tOllamh Joseph O'Connor sleachta as a chuid úrscéalta, Star of the Sea agus The Thrill of it All. Ba iad an Dr Aileen Dillane, an Dr Martin J Power agus an Dr Eoin Devereux, a d'eagraigh an chomhdháil agus a chuir seit DJ i láthair ag díriú ar cheol The Clash. Bhí an chomhdháil seo ar an gceann is deireanaí de shraith tionscnamh a d'eagraigh an Mheitheal Taighde do Cheol agus Cultúr an Phobail in Ollscoil Luimnigh.

## Cuairt Ambasadóir na Fionnlainne ar Éirinn

Thug a hOirirceas Hilkka Päivikki Nenonen, Ambasadóir na Fionnlainne in Éirinn, cuairt ar Ollscoil Luimnigh i mí na Samhna. Le linn a cuairte bhuail an tAmbasadóir le mic léinn ón bhFionnlainn atá ag staidéar in Ollscoil Luimnigh agus le hionadaithe ón Rannóg Oideachais Idirnáisiúnta, an Rannóg Gnóthaí Corparáideacha, Roinn na Socheolaíochta agus Scoil an Dlí.

## Scoláireacht WB Yeats

Bhunaigh Ollscoil Luimnigh Scoláireacht WB Yeats ar Lá Fhéile Pádraig i gcomhar le hOllscoil São Paulo sa Bhrasaíl, an tionscnamh is deireanaí a thagann faoi scáth an Mheamraim Tuisceana a síníodh idir an dá institiúid. Tugann an scoláireacht cuireadh do mhic léinn fochéime agus iarchéime ó Ollscoil São Paulo chuig Dámh na nDán, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta in Ollscoil Luimnigh. Tugtar cuireadh do mhic léinn cur isteach ar chláir éagsúla, agus dírítear a n-aird go háirithe ar an MA nua i Léann Criticiúil na hÉireann.

## An 11ú Comhdháil Fablab Idirnáisiúnta

Ba é FabLab Luimnigh an t-aon rannpháirtí ó Éirinn a ghlac páirt san 11ú Comhdháil Fablab Idirnáisiúnta, a bhí ar siúl in MIT i mBostún i mí Lúnasa. Tá FabLab Luimnigh páirteach sa Líonra Fablab Domhanda. Seolfar clár píolótach in Éirinn agus é mar aidhm leis roinnt FabLabanna nua a bhunú, a bheidh comhordaithe ag an bhFondúireacht Fablab Idirnáisiúnta.

## Aitheantas tugtha do mhic léinn idirnáisiúnta

Ag searmanas i mí na Bealtaine thug an Rannóg Oideachais Idirnáisiúnta san Ollscoil onóir dá mic léinn idirnáisiúnta as na héachtaí acadúla a bhain siad amach. Tugadh aitheantas do os cionn 100 mac léinn idirnáisiúnta ag an ócáid, mic léinn ón mBrasaíl, ó Cheanada, ón India agus ó SAM ina measc. Bronnadh scoláireachtaí ó Dhámh an Oideachais agus na nEolaíochtaí Sláinte, Scoil Ghnó Kemmy, Dámh na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta agus scoláireachtaí Staidéar thar Sáile chomh maith le roinnt scoláireachtaí eile. Bronnadh Scoláireachtaí Idirnáisiúnta Rialtas na hÉireann ar thriúr mac léinn. Faoin scoláireacht seo faigheann mac léinn atá i mbun Clár Múinte Máistreachta bliana costas iomlán an teagaisc chomh maith le €10,000 chun costais mhaireachtála a chlúdach.

## Spéir Ghlan 2, an Coimisiún Eorpach

I mí na Nollag ceapadh ball den Insitiúid Eolaíochta Ábhar agus Dromchla, an Dr Trevor Young, ó Roinn na hInnealtóireachta Meicniúla, Aerloingseoireachta agus Bithleighis, ar an gCoiste Eolaíochta do chlár taighde an Chomhghnóthais Spéire Glaine 2 de chuid an Choimisiúin Eorpaigh. Tá Spéir Ghlan 2 ar an gclár taigde aerloingseoireachta is mó agus is uaillmhianaí ar tugadh faoi san Eoraip go dtí seo. Tá buiséad de bheagnach €4 bhilliún (2014 go 2024) ag dul leis an gclár a bhunaigh an Coimisiún Eorpach chun an tionchar atá ag aerloingseoireacht ar an gcomhshaol a laghdú, astaíochtaí agus torann go háirithe. Tá baint ag an Dr Young le taighde aeraspáis Eorpach le beagnach 20 bliain. Bronnadh Gradam Thionscal Eitlíochta na hÉireann do thaighde den scoth ar an Dr Young chomh maith, ar son thaighdeoirí innealtóireachta aerloingseoireachta Ollscoil Luimnigh. Ba é Údarás Eitlíochta na hÉireann urraitheoir an ghradaim.

## Ollscoil Eacnamaíochta Wroclaw

I mí Feabhra, d'óstáil an tOllamh Michael Morley Grúpa MBA a tháinig ar cuairt ó Ollscoil Eacnamaíochta Wroclaw (WUE), an Pholainn. Tá caidreamh láidir leis na blianta ag Scoil Ghnó Kemmy leis an Ollamh Ewa Konarzewska-Gubala, Stiúrthóir an MBA Fheidhmigh, in WUE. Thug sí cuairt ar Ollscoil Luimnigh le seisear dá mic léinn MBA. D'fhreastail an grúpa ar cheardlanna campais leis an Ollamh Michael Morley, an tOllamh Helen Lenihan, an Dr Conor Carroll, Catriona Burke, an Dr Noreen Heraty agus an Dr John McCarthy. Chuaigh siad ar turas chuig suíomhanna Analog Devices BV agus Dell chomh maith.

## Cuairt chuig Ambasadóir Chúba

Thug baill foirne ón Scoil Leighis Iontrála Iarchéime cuairt ar Ambasadóir Chúba i mBaile Átha Cliath i mí na Nollag in éineacht le foireann an Ollaimh Jim Deegan ó Scoil Ghnó Kemmy. Tá córas sláinte poiblí an-éifeachtach i gCúba, agus páirt lárnach ag cúram príomhúil ann. Is ó Chúba a thagann roinnt de na staitisticí is fearr maidir le torthaí sláinte ar fud an domhain. Tá an scoil leighis is mó ar domhan in Ollscoil Havana, Cúba. Chuaigh Emeeline Searson (Caidreamh Mac Léinn Idirnáisiúnta ón Scoil Leighis Iontrála Iarchéime) ar cuairt go Cúba go luath i mí Eanáir in éineacht leis an Ollamh Deegan chun féidearthachtaí maidir le malartuithe mac léinn agus foirne agus naisc amach anseo a fhiosrú.

# 04 LÉARGAS GINEARÁLTA AR AN OLLSCOIL

Téann ollscoil i gcion ar an réigiún máguaird ar iliomad bealaí. Ar an gcéad dul síos, is aonán tábhachtach geilleagrach í ollscoil aisti féin. Cuireann sí leis an ngeilleagar réigiúnach mar fhostóir agus mar cheannaitheoir earraí agus seirbhísí. Bíonn costas bliantúil tuarastail €100 milliún ar Ollscoil Luimnigh, agus síothlaíonn an t-airgead sin, mar aon le €25 milliún eile a chaithimid ar earraí agus ar sheirbhísí go háitiúil, isteach sa réigiún. Caitheann mic léinn na hOllscoile €80 milliún (gan táillí teagaisc a chur san áireamh) go háitiúil gach bliain agus is mic léinn idirnáisiúnta a chaitheann €20 milliún den tsuim sin.

## FÍRICÍ & FIGIÚIRÍ

D'éirigh go maith le hOllscoil Luimnigh sa tréimhse 2014 go 2015. Seo a leanas cur síos ar roinnt de na forbairtí a rinneadh le déanaí:

| | |
|---|---|
| 20% | Méadú 20% ar líon na mac léinn ó 2008 go 2015 |
| 1ú | Bunaíodh an chéad Scoil Leighis in Éirinn ón mbliain 1900 |
| 70% | Ráta fostaíochta céimithe 70%, 15% os cionn an mheánráta náisiúnta (de réir staitisticí an Údaráis um Ard-Oideachas) |
| 130m | 130 milliún faighte mar mhaoiniú taighde ó 2013 |
| 50m | Ioncam taighde 50 milliún in 2015, méadú mór ar an ioncam taighde 20 milliún in 2008 |
| 182 | 182 comhoibriú taighde le hearnáil na tionsclaíochta |
| 150m | Infheistíocht caipitil fiontair 50 milliún; mac-chuideachtaí díolta 100 milliún |
| 1,700 | 1,700 mac léinn ag tabhairt faoi Oideachas Comhoibríoch gach bliain, 20% acu i 25+ tír |

**UIMH. 1**
An chéad áit in Éirinn ó thaobh tacaíochtaí do mhic léinn idirnáisiúnta

**Sa 4ú hÁit**
Suirbhé Baraiméadair Idirnáisiúnta na Mac Léinn*

**Idirnáisiúnta**
Mic léinn as 95 tír

**ERASMUS**
An clár malartaithe is mó in Éirinn

**400**
Ollscoileanna comhpháirtíochta in 38 tír

## BUAICPHOINTÍ OLLSCOILE

Bhí an-rath ar Ollscoil Luimnigh i mbliana agus tá ag éirí go maith i gcónaí léi mar ollscoil tharraingteach do mhic léinn Éireannacha agus do mhic léinn ó níos faide i gcéin. Seo thíos roinnt de bhuaicphointí na bliana seo a d'imigh thart:

### Borradh faoi iarratais ar Ollscoil Luimnigh

De réir fhigiúirí iarratais ón Lár-Oifig Iontrála tá an t-éileamh ar chláir Ollscoil Luimnigh ag méadú. Tháinig méadú ar na pointí CAO a bhí ag teastáil chun áit a fháil ar 49 de na 67 clár in Ollscoil Luimnigh sa chéad bhabhta, rud a léiríonn gur ollscoil tharraingteach í Ollscoil Luimnigh i gcónaí. 23 pointe an meánmhéadú a bhí ann ar an iomlán. Ba léir ó shonraí tosaigh iarratais ón Lár-Oifig Iontrála i mí Feabhra gur tháinig méadú 14% ar líon na gcéadroghanna don Ollscoil i comparáid le 2014. Tháing méadú 9% ar líon iomlán na n-iarratas ar Ollscoil Luimnigh i gcomparáid leis an am seo anuraidh.

### Tuarascáil First Destinations

D'fhoilsigh Ollscoil Luimnigh Tuarascáil darb ainm First Destinations i mí Mheán Fómhair. Dírítear sa tuarascáil ar phatrúin fostaíochta agus staidéir breise na gcéimithe ó Ollscoil Luimnigh in 2014. Rinneadh suirbhé ar níos mó ná 3,100 céimí agus baineadh 86% amach mar ráta freagartha, an ráta freagartha is airde go náisiúnta. Léirítear sa tuarascáil go bhfuil méadú muiníne i margadh fostaíochta na gcéimithe, agus 73% de chéimithe Ollscoil Luimnigh ag teacht ar fhostaíocht láithreach. De réir na tuarascála, tá ráta fostaíochta chéimithe Ollscoil Luimnigh 22% níos airde ná an meán san earnáil ollscoile (51%).

### Erasmus in Ollscoil Luimnigh le 25 bliain

Chuaigh 318 mac léinn ó Ollscoil Luimnigh, an líon is mó riamh, thar lear i mbliana chun staidéar a dhéanamh i 22 tír Eorpach, agus tháinig 485 mac léinn Eorpach ó 28 tír chun na hOllscoile mar mhic léinn Erasmus. Is mó mac léinn a sheolann Ollscoil Luimnigh thar lear gach bliain ná aon institiúid tríú leibhéal Éireannach eile. Rinne 318 mac léinn staidéar thar lear agus chuaigh 197 ar shocrúchán oibre thar lear le linn na bliana acadúla 2013/14. Is ionann an figiúr seo agus 23% de na mic léinn fochéime in aon bhliain ar leith. Nuair a chuirtear soghluaisteacht idirnáisiúnta de gach cineál ó Ollscoil Luimnigh san áireamh, caitheann níos mó ná aon trian de na mic léinn fochéime seimeastar amháin thar lear.

**Rangaíodh Ollscoil Luimnigh i measc na chéad deich n-ollscoil ar domhan faoi chatagóirí áirithe, ina measc infhostaitheacht, tacaíocht teanga, lóistín agus timpeallacht champais*

# BUAICPHOINTÍ OLLSCOILE EILE
2014 / 2015

## An líon is mó mac léinn idirnáisiúnta riamh

I mbliana chuir Ollscoil Luimnigh fáilte roimh an gcohórt is mó de mhic léinn idirnáisiúnta riamh i stair na hOllscoile nuair a d'fhreastail 2,500 acu ar an Ollscoil. Meastar go gcaitheann na mic léinn thart ar €19 milliún i Réigiún an Mheán-Iarthair. Tá an figiúr sin bunaithe ar chaiteachas measta idir €7,000 agus €12,000 in aghaidh an an mhic léinn in imeacht aon bhliana amháin, gan táillí a íoctar leis an Ollscoil a chur san áireamh.

Tá nasc ag Ollscoil Luimnigh le os cionn 400 ollscoil agus is ionann céatadán na mac léinn idirnáisiúnta faoi láthair agus 13.5% de líon iomlán na mac léinn. Tá borradh ag teacht ar an bhfigiúr seo ó bhliain go bliain.

## Fíricí agus figiúirí maidir le soghluaisteacht mhic léinn agus bhaill foirne Ollscoil Luimnigh

- Tháinig méadú ar líon na mac léinn a rinne clár Staidéar thar Sáile ó 219.5 (FTE) in 2013/14 go 366 (FTE) in 2014/15.
- Tháinig méadú ar líon na mac léinn idirnáisiúnta atá ag déanamh céimeanna lánaimseartha ó 438 in 2012/2013 go 469 in 2014/2015, nuair a chuirtear mic léinn idirnáisiúnta atá ag freastal ar an Scoil Leighis Iontrála Iarchéime san áireamh.
- Tháinig méadú chomh maith ar líon na mball foirne ó Ollscoil Luimnigh a ghlac páirt i Soghluaisteacht Foirne agus Teagascóirí Erasmus sa bhliain 2013/14 nuair a chuaigh 34 teagascóir agus ochtar ball foirne teicniúil agus riaracháin ar chuairteanna soghluaisteachta foirne.

## Suirbhé Baraiméadair Idirnáisiúnta na Mac Léinn

- Ní haon ionadh é go bhfuil an tóir ar Ollscoil Luimnigh i measc mic léinn idirnáisiúnta ag méadú i gcónaí ós rud é gur ainmníodh í mar cheann de na hollscoileanna is fearr do mhic léinn chun cónaí ann agus chun staidéar a dhéanamh ann. (Foinse: Suirbhé Baraiméadair Idirnáisiúnta na Mac Léinn)
- Bhain Ollscoil Luimnigh an chéad áit amach as 238 institiúid ar fud an domhain sna catagóirí 'Gníomhaíochtaí Sóisialta', 'Deiseanna chun Cultúr na hÉireann a bhlaiseadh', 'Áiseanna Sóisialta', 'Oifig Lóistín' agus 'Clubanna agus Cumainn'.
- Bhí Ollscoil Luimnigh chun cinn chomh maith ar 39 ollscoil Eorpach maidir le taithí foghlama a chur ar fáil a mbeidh infhostaitheacht mhaith mar thoradh uirthi, rud a léiríonn go bhfuil Ollscoil Luimnigh i bhfad chun cinn ó thaobh infhostaitheachta in Éirinn.
- Anuas air sin, bhí an Ollscoil i measc an deichniúir is fearr ar domhan i roinnt mhaith catagóirí sa suirbhé, infhostaitheacht, tacaíocht teanga, cóiríocht agus timpeallacht champais ina measc. Ghlac os cionn 160,000 mac léinn idirnáisiúnta ó 180 ollscoil in 18 dtír páirt sa suirbhé.
- Bhí Ollscoil Luimnigh i measc an deichniúir is fearr chomh maith ó thaobh na hOifige Idirnáisiúnta, an chultúir áitiúil, comhairle maidir le víosaí, áiseanna agus gníomhaíochtaí sóisialta, tacaíocht maidir le hárais chónaithe agus áiseanna spóirt.



# AN tÚDARÁS CEANNAIS

**Liosta de Chomhaltaí an Údaráis Ceannais, 1 Deireadh Fómhair 2014 - 30 Meán Fómhair 2015**

| | | |
|---|---|---|
| An tOllamh Don Barry | Michelle Breen | Martin Hayes |
| An Seansailéir: An Breitheamh John L Murray | Neasa Fahy O'Donnell | An tOllamh Helen O'Neill |
| An tOllamh Paul McCutcheon | Pat Rockett | Judith Woodworth |
| John Field | Tommy Bolger | Trish Long |
| An tOllamh Sean Arkins | Colin Clarke | Fintan Breen |
| An tOllamh Merritt Bucholz | Shane McCormack | John O'Connell |
| An tOllamh Colum Dunne | Ciara Corcoran | An Comhairleoir Michael Sheahan |
| An tOllamh Michael Pomeroy | Seamus Noonan | An Comhairleoir Liam Galvin |
| An Dr Eoin Devereux | Sean McKillen | An Comhairleoir Jerry O'Dea |
| An Dr Sean McGrath | Tadhg B Kearney | Kay Doyle |
| An Dr Máirtín Ó Droma | Berni Brady | Michael Houlihan |
| An Dr Wynette Redington | Bobby O'Connor | Richard Leonard |
| An Dr Peter Tiernan | Breda Deedigan | An tOllamh Michael Hayes |
| Grainne O'Connell | David O'Flynn | |

**Tháinig an tÚdarás Ceannais le chéile naoi n-uaire le linn na tréimhse thuas ar na dátaí a leanas:**

| | | |
|---|---|---|
| 31/10/2014 | 28/11/2014 | 31/01/2015 |
| 27/02/2015 | 27/03/2015 | 24/04/2015 |
| 29/05/2015 | 26/06/2015 | 25/09/2015 |

**Tabhair faoi deara:**

1. Toghadh an tOllamh Pomeroy i mí na Samhna 2014 chun folúntas a líonadh de bharr gur éirigh an tOllamh Cunnane as i Meán Fómhair 2014.
2. Bhí cead ag Grainne O'Connell a bheith as láthair ó chruinnithe de réir mar a fhoráiltear in Alt 3(3) den Tríú Sceideal a ghabhann le hAcht na nOllscoileanna, 1997. D'éirigh sí as i mBealtaine 2015. Toghadh Michelle Breen i mí Iúil 2015 chun folúntais Ghrainne Uí Chonaill a líonadh.
3. Tháinig Colin Clarke in ionad Tommy Bolger mar Uachtarán, Aontas na Mac Léinn, Ollscoil Luimnigh, (ULSU) i mí an Mheithimh 2015.
4. Tháinig Ciara Corcoran in ionad Shane McCormack mar Leas-Uachtarán, ULSU i mí an Mheithimh 2015.
5. Tháinig Sean McKillen in ionad Seamus Noonan mar Uachtarán, Aontas na Mac Léinn Iarchéime, Ollscoil Luimnigh i mí an Mheithimh 2015.
6. Bhí cead ag Martin Hayes bheith as láthair ó chruinnithe mar a fhoráiltear in Alt 3(3) den Tríú Sceideal a ghabhann le hAcht na nOllscoileanna, 1997. D'éirigh Martin Hayes as in Eanáir 2015. D'ainmnigh an tAire Oideachais & Scileanna an tOllamh O'Neill i Meán Fómhair 2015 chun an folúntas a líonadh.
7. Toghadh an Comhairleoir Galvin mar mhéara ar Chathair agus ar Chontae Luimnigh i mí an Mheithimh 2015.

# TUARASCÁIL AIRGEADAIS

## CUNTAS COMHDHLÚITE IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

**30 Meán Fómhair 2015**

| | Nótaí | 30 Meán Fómhair 2015 | 30 Meán Fómhair 2015 | 30 Meán Fómhair 2014 | Athráite 30 Meán Fómhair 2014 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **IONCAM** | | | | | |
| Deontais stáit | 1 | | 34,045 | | 35,769 |
| Táillí acadúla | 2 | | 86,218 | | 83,748 |
| Deontais agus conarthaí taighde | 3 | | 34,580 | | 30,892 |
| Amúchadh ar dheontais chaipitil iarchurtha | 17 | | 7,655 | | 7,278 |
| Ioncam oibriúcháin eile | 4 | | 44,368 | | 38,827 |
| Ioncam ó ús | 5 | | 1,300 | | 2,810 |
| Maoiniú iarchurtha glan do phinsin | 24 | | 35,097 | | 30,327 |
| **IONCAM IOMLÁN** | | | **243,263** | | **229,651** |
| **CAITEACHAS** | | | | | |
| Costas Foirne | 6 | | 119,534 | | 111,685 |
| FRS17 costas seirbhíse reatha glan ó ranníocaíochtaí | 24 | 18,307 | 137,841 | 12,038 | 123,723 |
| Costais oibríochta eile | 7 | | 68,632 | | 63,240 |
| Ús iníoctha agus muirir chomhchosúla | 8 | 1,442 | | 1,245 | |
| FRS17 Ús ar dhliteanais scéime | 24 | 16,790 | 18,232 | 18,289 | 19,534 |
| Dímheas | 11 | | 13,876 | | 12,774 |
| **CAITEACHAS IOMLÁN** | | | **238,581** | | **219,271** |
| **Barrachas don bhliain i ndiaidh sócmhainní a dhímheas agus roimh chánachas agus laige** | | | **4,682** | | **10,380** |
| Cánachas | 9 | | (1) | | - |
| **BARRACHAS DON BHLIAIN** | 10 | | **4,681** | | **10,380** |



# TUARASCÁIL AIRGEADAIS

## CLÁR COMHARDAITHE

**30 Meán Fómhair 2015**

| | Nótaí | Comhdhlúite 2015 | Comhdhlúite 2014 | Ollscoil 2015 | Ollscoil 2014 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **SÓCMHAINNÍ SEASTA** | | | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | 11 | 389,666 | 373,150 | 296,398 | 278,857 |
| Sócmhainní airgeadais | 12 | 1,738 | 1,358 | - | - |
| | | **391,404** | **374,508** | **296,398** | **278,857** |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | | | |
| Féichiúnaithe | 13 | 22,622 | 21,193 | 43,048 | 19,517 |
| Airgead agus coibhéisí airgid | | 166,045 | 160,740 | 102,527 | 114,219 |
| | | **188,677** | **181,933** | **145,575** | **133,736** |
| **CREIDIÚNAITHE:** Méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin | 14 | (148,219) | (102,436) | (98,107) | (84,799) |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA GLANA** | | **40,448** | **79,497** | **47,468** | **48,937** |
| **SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE DLITEANAIS REATHA** | | **431,852** | **454,005** | **343,866** | **327,794** |
| **CREIDIÚNAITHE:** Méideanna a bheidh dlite tar éis aon bhliain amháin | 15 | (100,079) | (128,973) | (57,505) | (47,126) |
| **SÓCMHAINNÍ GLANA** | | **331,773** | **325,032** | **286,361** | **280,668** |
| Maoiniú iarchurtha pinsean | 24 | 638,363 | 622,212 | 638,363 | 622,212 |
| Dliteanais phinsin | 24 | (683,363) | (622,212) | (638,363) | (622,212) |
| **GLANSÓCMHAINNÍ LE DLITEANAS PINSIN SAN ÁIREAMH** | | **331,773** | **325,032** | **286,361** | **280,668** |
| Deontais chaipitil iarchurtha | 17 | 229,253 | 227,193 | 220,787 | 216,768 |
| Cúlchistí ioncaim | 18 | 102,520 | 97,839 | 65,574 | 63,900 |
| **IOMLÁN** | | **331,773** | **325,032** | **286,361** | **280,668** |

Ollscoil Luimnigh – Tuarascáil Bhliantúil 2014/15